# An Ghaeilge Labhartha

# 25 Tasc Foghlama agus Measúnaithe

PDST
Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

## Réamhrá

" Creidtear gurb é cumas labhartha na teanga an cumas teanga is tábhachtaí". (Dr. Muiris Ó Laoire, 2008). Tuigtear go bhfuil na scileanna teanga eile tábhachtach ach nuair a smaoinítear ar chumas teanga is é an cumas labhartha is túisce a thagann chun cuimhne.

Tá freagracht orainne mar mhúinteoirí Gaeilge cur le hinniúlacht teanga na scoláirí. Caithfimid deiseanna rialta cainte a chur ar fáil sa seomra ranga – cuma cén leibhéal teanga atá ag an scoláire. Ina theannta sin caithfear súil a choinneáil ar chúrsaí measúnaithe. Mar mhúinteoir ba cheart go mbeinn soiléir faoi dhá rud – cad atá á mheas agus conas é sin a mheas? Tá an measúnú lárnach sa phróiséas foghlama mar ní amháin go dtugann sé aiseolas don mhúinteoir faoin bhfoghlaim atá ar siúl sa seomra ranga ach tugann sé eolas faoi na straitéisí atá in úsáid sa seomra ranga freisin. Cuidíonn measúnú go mór le feabhas a chur ar an teagasc.

Tá iarracht déanta sa leabhrán seo treoir phraiticiúil a chur ar fáil do mhúinteoirí Gaeilge. Tá réimse tascanna curtha ar fáil sa leabhrán ag díriú ar an nGaeilge labhartha don chuid is mó. Tá treoir tugtha faoin dea--chleachtas a bhaineann le heagrú tascanna den sórt seo. Moltar i gcónaí an scoláire a ullmhú don tasc leis an réamhobair. Tugtar an tasc agus bíonn deis ag an scoláire pé foclóir nó struchtúr atá réamhmhúinte a úsáid chun an fheidhm teanga a chur i gcrích. Nuair atá an tasc déanta bíonn deis ag an múinteoir díriú isteach ar na botúin a rinneadh, Gaeilge na scoláirí a shaibhriú agus tógáil ar an obair ranga. Tá an iarobair seo an--tábhachtach don scoláire mar cuireann an t--aiseolas go mór leis an sealbhú teanga. Tá dhá leathanach ag dul le gach tasc – ceann don mhúinteoir agus ceann don scoláire. Tá iarracht déanta freastal ar na leibhéil éagsúla.

Níl sa leabhrán ach túsphointe. Tá lánchead ag an múinteoir a c(h)asadh féin a chur ar na tascanna nó tógáil orthu.

**An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí**

14 Bealach an tSeoighigh,
Páirc Ghnó na Páirce Thiar,
Bóthar Nangair,
Baile Átha Cliath 12
Fón: 01--4358587 / Facs: 01--
4358596 R--phost: gaeilge@pdst.ie

**Moltaí do ghníomhaíochtaí ranga**
**chun labhairt na teanga a shaothrú agus a thástáil.**

1. Cur chuige téamach – Ba chóir na tascanna a cheangal leis an topaic atá ar siúl agus a choimeád chomh réadúil agus is féidir.
2. Ba cheart go mbunófaí an tasc ar na feidhmeanna teanga atá le foghlaim ag na scoláirí.
3. Ba chóir na scoláirí a chumasú chun dul i ngleic leis an tasc – foclóir, struchtúir, nathanna agus gramadach a réamh--mhúineadh nó a chleachtadh más gá. (D'fhéadfaí dea--shampla a thabhairt den tasc atá le déanamh.)
4. An tasc a mhíniú agus na spriocanna foghlama a shoiléiriú. Má bhíonn measúnú i gceist ba chóir na critéir mheasúnaithe a roinnt leis na scoláirí chomh maith.
5. Is féidir dúshlán níos mó/lú a thabhairt do bheirteanna éagsúla ag brath ar an gcumas teanga atá acu. D'fhéadfaí idirdhealú a dhéanamh idir na feidhmeanna teanga chun freastal ar éagsúlachtaí cumais sa rang. D'fhéadfaí spreagchárta nó leathanaigh oibre a dháileadh ar gach beirt.
6. Fad ama cinnte a thabhairt do na scoláirí an tasc a ullmhú agus tabhairt faoin tasc.
7. Soiléiriú a dhéanamh más gá agus foinsí eolais, foclóirí, leabhair ghramadaí, suímh idirlín (www.focal.ie/www.focloir.ie) a bheith ar fáil sa seomra ranga.
8. Agus an tasc ar siúl ag na scoláirí, ba chóir don mhúinteoir siúl timpeall an tseomra ag éisteacht agus fiú ag scríobh nótaí.
9. Ba chóir seans a thabhairt do na scoláirí éisteacht le hobair a chéile.
10. Ba chóir don mhúinteoir aiseolas a thabhairt bunaithe ar na critéir a leagadh síos roimh ré. Is féidir aiseolas agus moltaí a lorg ó na scoláirí chomh maith, arís bunaithe ar na critéir.
11. Tá deis anois ag an múinteoir aird na scoláirí a tharraingt ar na deacrachtaí agus ar na mórbhotúin a rinneadh rud a chabhróidh go mór le forbairt na teanga labhartha má dhéantar go rialta é.

## Clár


| | |
|---|---|
| Lch 1--3 | Réamhrá, Eolas maidir le hObair Ghrúpa, Critéir Mharcála, Sainmhínithe |
| Lch 4--8 | Topaicí & Feidhmeanna na Siollabas (T.S. & A.T.) |
| Lch 9 – 50 | 25 Tasc Labhartha don Seomra Ranga |
| Lch 51 – 53 | Greillí Measúnaithe |

## Critéir Mharcála

### Sainmhínithe:

Tá na sainmhínithe seo bunaithe ar eolas atá ar fáil i bhfoinsí teangeolaíocha éagsúla agus a aithnítear go hidirnáisiúnta mar chuid de Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR). De bharr chastacht na dtéarmaí féin, níl na sainmhínithe thíos deifnídeach, ach tabharfaidh siad treoir chinnte don mhúinteoir agus é/í i mbun an mheasúnaithe ar an teanga labhartha.

- **Stór focal:**
  Raon foclóra sách fairsing ag an gcainteoir le gur féidir leis/léi é/í féin a chur in iúl ar bhealach cuí ar réimse leathan topaicí; an chaoi ar féidir leis an gcainteoir scód a ligean leis an teanga gan a bheith cosctha ag stór na bhfocal atá aige/aici. Cuimsíonn sé saintéarmaíocht an ábhair maraon le cora cainte.
- **Líofacht**
  An rith cainte nádúrtha atá ag an gcainteoir; gan na focail a bheith ag teip air/uirthi; spontáineacht na cainte; cumas an chainteora é/í féin a chur in iúl ar bhealach a léiríonn go bhfuil an teanga ar a t(hoil) aige/aici.
- **Cruinneas**
  Cumas an chainteora an chaint a choimeád ar siúl; a c(h)umas cur leis an gcaint agus idirghníomhú leis an gcainteoir eile trí shealaíocht chuí a úsáid; a bheith in ann straitéisí a úsáid, nuair is gá, leis an gcomhrá a choimeád ar siúl.
- **Cumarsáid**
  Cumas an chainteora an chaint a choimeád ar siúl; a c(h)umas cur leis an gcaint agus idirghníomhú leis an gcainteoir eile trí shealaíocht chuí a úsáid.
- **Foghraíocht:**
  Cé chomh cruinn is chomh beacht is a labhraíonn an cainteoir a léiríonn go bhfuil dul na Gaeilge ar fhuaimniú na bhfocal. Cuimsíonn sé tuin chainte, rithim, fuaimniú, béim, srl.

Ní sainmhínithe oifigiúla iad seo de chuid an chórais scrúduithe iar--bhunscoile in Éirinn cé go luaitear iad mar chuid de na critéir mharcála. Sa doiciméad "Ceisteanna a ardaíodh faoin mBT Ardteiste" ar www.examinations.ie roinntear na critéir seo faoi dá theideal **Cumas Cumarsáide** (Stór focal, Líofacht, Cumarsáid) agus **Cumas Teanga** (Foghraíocht, Cruinneas).

Moltar díriú orthu go hindibhidiúil mar chuid den phróiseas sealbhaithe teanga ionas go dtuigfidh scoláirí na gnéithe a bhaineann leis an labhairt agus ionas go dtiocfaidh feabhas de réir a chéile ar chumas cumarsáide agus cumas teanga na scoláirí.

## Aidhm na Tástála Rialta

'Sí aidhm an teagaisc ná an fhoghlaim a éascú. I gcás teagaisc theanga de, caithfear a chinntiú go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag an bhfoghlaimeoir i leith na gceithre scil theanga. Tá sé chomh tábhachtach céanna go ndéantar measúnú ar dhul chun cinn an fhoghlaimeora sa **teanga labhartha** is atá sé in aon ghné eile den teanga.

Is **aistear** é an tréimhse a chaitheann an scoláire sa scoil dara leibhéil, aistear a bhfuil mórscrúdú ag a dheireadh – scrúdú na hArdteistiméireachta – a mheasann an méid atá bainte amach aige/aici i rith na tréimhse sin. Más amhlaidh atá, nár chóir dúinn fios a bheith againn mar mhúinteoirí cad atá ar eolas ag an scoláire **ag tús an aistir**? Muna bhfuil an t-‐eolas sin againn, conas is féidir an dul chun cinn a mheas? Conas is féidir linn spriocanna foghlama cuí a leagan síos le cinntiú go bhfuiltear ag tógáil ar an túsphointe sin?

Ba chóir, mar sin, go gcuirfí **triail bhonnlíne** ar gach scoláire Gaeilge ag tús na chéad bhliana agus ag tús na sraithe sinsearaí, maidir leis an nGaeilge labhartha. Dála gach cineál trialach eile, tá dhá rud i gceist: **na critéir mharcála** a úsáidtear agus **cineálacha na dtascanna** a úsáidtear leis an measúnú a dhéanamh. Maidir leis na critéir mharcála, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as na critéir a mholtar a úsáid i leith na teanga labhartha: stór focal, líofacht, cruinneas, cumarsáid agus foghraíocht ach mar is gnách, is féidir, ag brath ar aidhmeanna agus ar chúinsí, leas a bhaint as an dá mhórcheann: 1. Cumarsáid agus 2. Cáiliocht na teanga. Moltar 50% a thabhairt don chumarsáid agus 50% a thabhairt do cháilíocht na teanga sa chéad bhliain ach moltar an céadatán a ísliú don chumarsáid de réir mar a théann an scoláire ar aghaidh.

Maidir leis na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a úsáid leis an triail bhonnlíne a chur, níl teorann leis na féidearthachtaí cruthaitheacha. Níl anseo ach samplaí:

- ✏ Cur síos ar phictiúr/shraith phictiúr/ghrianghraif/shuíomh idirlín
- ✏ Alt/cuntas beag a léamh agus cur síos air. (Tá ceangal nádúrtha idir léamh agus labhairt agus ina theannta sin, tá téacsanna – irise, idirlín, litríochta – an-‐úsáideach chun saibhreas teanga a chothú)
- ✏ Cur síos ar mhír scannáin (e.g. an chuid tosaigh de scannán a thaispeáint agus iarraidh ar na scoláirí an scéal a leanann a thuar)
- ✏ Tráchtaireacht bheo ar scannán/chluiche/phíosa taifeadta ón teilifís (an fhuaim casta as)
- ✏ Cur síos ó bhéal (ullmhaithe agus spontáineach) ar phíosa ceoil
- ✏ Agallamh
- ✏ Ról imirt/aithris
- ✏ Glaoch gutháin
- ✏ Cur síos ar conas rud éigin a úsáid – pacáiste idirlín, iPod, carr a thiomáint, srl.
- ✏ Tús scéil a thabhairt agus cumtar an scéal ó bhéal ag dul ó dhuine go duine m.sh. Nuair a shroich mé teach mo charad in am don chóisir, ní raibh éinne sa teach ...
- ✏ Tugtar ceannteideal nuachtáin do ghrúpaí éagsúla agus bíonn ar bhaill an ghrúpa an scéal a spreag an teideal sin a insint, e.g. Deireadh le hOxegen!; Leigheas ar Ailse; srl.

Ba chóir, ar ndóigh, na tascanna a bhunú ar fheidhmeanna teanga cinnte agus castacht na bhfeidhmeanna a bheith in oiriúint do leibhéal cumais an scoláire.

Agus an triail bhonnlíne déanta, ní mór **tástáil rialta, idir fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta**, a dhéanamh ar an scoláire ó am go chéile i rith an 'aistir' leis an dul chun cinn a mheas. Moltar béaltriail mar chuid de scrúdú na Nollag agus de scrúdú an tSamhraidh ach moltar freisin trialacha gearra a bheith ar siúl le linn ranga i rith an téarma. Moltar gach béaltriail a **thaifead**.

## Siollabas Nuashonraithe na hArdteistiméireachta – Topaicí

### Rangú na dTopaicí

1. An Scoláire féin agus a T(h)impeallacht
2. Cúrsaí Scoile agus Oibre
3. An Ghaeilge Timpeall Orainn
4. Saol an Duine Óig
5. Na Meáin Chumarsáide, TFC san áireamh
6. Ábhair eile a gcuireann an scoláire spéis iontu

Fo--thopaicí Samplacha sa Siollabas

| Gnáthleibhéal | Ardleibhéal |
|---|---|
| **An Scoláire Féin**<br>An teaghlach, Gnáthshaol an teaghlaigh,Teaghlaigh éagsúla, Ilchultúrachas<br>**Áit Chónaithe**<br>An teach agus obair an tí, An tuath agus an chathair, An chomharsanacht agus comharsana, An nuatheicneolaíocht sa teach<br>**An Scoil agus Cúrsaí Oideachais**<br>Ábhair scoile, Múinteoirí, Cineálacha éagsúla scoileanna, Acmhainní TFC, Rialacha agus éide, Scrúduithe, Oideachas tríú leibhéal, Oiliúint ghairmiúil, Cúrsaí oideachais, Scoileanna speisialta<br>**Cairdeas**<br>Tréithe an duine, Na mothúcháin phearsanta, Buanna agus lochtanna an duine<br><br>**Ceol**<br>Cineálacha éagsúla ceoil, Uirlisí, Bannaí, amhránaithe, grúpaí, Na cairteacha, Rianta ceoil, Podchraoladh, Liricí<br>**Spórt**<br>Spóirt foirne, Spóirt aonair ,Cumainn agus clubanna<br><br>**Caitheamh Aimsire**<br>Scannáin, Léitheoireacht, Cluichí, Ceol, Cluichí ríomhaireachta, Suímh shóisialta idirlín<br>**An Ghaeilge**<br>An Ghaeilge timpeall orainn, An Ghaeltacht agus canúintí, An Ghaeilge sna meáin chumarsáide, Athbheochan na Gaeilge, An Ghaeilge agus féiniúlacht, An Ghaeilge thar lear, An Ghaeilge agus teangacha neamhfhorleathana eile, Na heagrais Ghaeilge, Raidió na Gaeltachta, TG4, An Ghaeilge ar líne<br><br>**Na Meáin Chumarsáide**<br>Na meáin chlóite agus leictreonacha, Na nuachtáin agus irisí, An teilifís, An raidió (áitiúil), Cineálacha clár teilifíse,<br><br>**Saol na hOibre**<br>Slite beatha éagsúla, Obair pháirtaimseartha, Agallaimh, Fostaíocht agus dífhostaíocht, Bliain shabóideach, Obair dheonach, Obair phobail, Bliain bhearnach,<br><br>**Taisteal agus Teangacha**<br>Córais agus córacha iompair, Tíortha eile; imirce, inimirce agus eisimirce, An Eoraip, Tiomáint, Rialacha an bhóthair, Timpistí,<br><br>**An Aimsir**<br>An aimsir in Éirinn, Na séasúir, An aimsir i dtíortha eile,<br><br>**Daoine ar Leith** | **An Scoláire Féin**<br>An teaghlach, Gnáthshaol an teaghlaigh, Teaghlaigh éagsúla, An teaghlach i dtíortha eile<br>**Áit Chónaithe**<br>An teach agus obair an tí, An tuath agus an chathair, An chomharsanacht agus comharsana, An nuatheicneolaíocht sa teach,<br>**An Scoil agus Cúrsaí Oideachais**<br>Ábhair scoile, Múinteoirí, Acmhainní TFC, Cineálacha éagsúla scoileanna, Ilchultúrachas, Rialacha agus éide, Scrúduithe, Oideachas tríú leibhéal, Oiliúint ghairmiúil, Cúrsaí oideachais, Scoileanna speisialta, Brú agus iomaíocht, Oideachas aosach,<br>**Cairdeas agus Caidreamh**<br>Tréithe an duine, Na mothúcháin phearsanta, Buanna agus lochtanna an duine, An grá, Pósadh, Colscaradh, Suímh shóisialta idirlín,<br>**Ceol**<br>Cineálacha éagsúla ceoil, Uirlisí, Bannaí, amhránaithe, grúpaí, Na Cairteacha, Liricí, Tionscal an cheoil, Suímh idirlín,<br>**Spórt**<br>Spóirt foirne, Spóirt aonair, Cumainn agus clubanna, Tábhacht an spóirt, An spórt gairmiúil agus an spórt amaitéireach,<br>**Caitheamh Aimsire**<br>Scannáin, Léitheoireacht, Cluichí, Ceol, Buntáistí agus tábhacht an chaithimh aimsire, Cluichí ríomhaire, Suímh shóisialta idirlín,<br>**An Ghaeilge**<br>An Ghaeilge timpeall orainn, An Ghaeilge ar líne, An Ghaeltacht agus canúintí, An Ghaeilge sna meáin chumarsáide, Athbheochan na Gaeilge, An Ghaeilge agus féiniúlacht, An Ghaeilge thar lear, An Ghaeilge agus teangacha neamhfhorleathana eile, Na heagrais Ghaeilge, An dátheangachas, Éireannaigh nua agus an Ghaeilge, Raidió na Gaeltachta, Raidío na Life, Raidío Rírá, TG4<br>**Na Meáin Chumarsáide**<br>Na nuachtáin agus irisí, An teilifís, An raidió, Cineálacha clár teilifíse, Tionchar agus tábhacht na meán, Na meáin chlóite agus leictreonacha,<br>**Saol na hOibre**<br>Slite beatha éagsúla, Fiontraíocht, Fostaíocht agus Dífhostaíocht, Obair pháirtaimseartha, Agallaimh, Gnéaschothromaíocht, Ceardchumainn, Postroinnt, Bliain shabóideach, Am solúbtha, Obair dheonach, Obair phobail, Bulaíocht sa láthair oibre,<br>**Taisteal agus Teangacha**<br>Córais agus córacha iompair, Tíortha eile, imirce, inimirce agus eisimirce, An Eoraip, Teangacha na hEorpa,. Ceadúnas tiomána, Rialacha an bhóthair, Timpistí, Bliain bhearnach, Nósanna cultúrtha,<br>**An Aimsir**<br>An aimsir in Éirinn, Na séasúir, An aimsir i dtíortha eile, Téamh domhanda, Tubaistí domhanda, Athrú aeráide, |

| | |
|---|---|
| Daoine le riachtanais speisialta, Seandaoine, Áiseanna | **Daoine ar Leith**<br>Daoine le riachtanais speisialta, Áiseanna ar leith, Cearta an duine, Seandaoine, |
| **Creideamh agus Eitic**<br>Creideamh in Éirinn anois, Féilte in Éirinn agus i dtíortha eile, Reiligiúin éagsúla, An creideamh agus cúrsaí córa, Saoirse agus cearta daonna, | **Creideamh agus Eitic**<br>Creideamh in Éirinn anois, Féilte in Éirinn agus i dtíortha eile, Reiligiúin éagsúla, An creideamh agus cúrsaí córa, Cearta agus saoirse an duine, |
| **Cultúr**<br>Cultúr na hÉireann/ Ilchultúrachas, Ceol, amhráin agus damhsa traidisiúnta, An lucht siúil, Litríocht, Dánlanna, amharchlanna, iarsmalanna, Ealaíona agus Ceirdeanna, | **Cultúr**<br>Cultúr na hÉireann / Nuachultúir in Éirinn, Ceol agus amhráin thraidisiúnta, An Lucht Siúil, Litríocht, Dánlanna, amharclanna, iarsmalanna, Ealaíona / Ceirdeanna, |
| **Fadhbanna an Duine Óig**<br>Dífhostaíocht, Andúileachas, Foréigean, Coireanna agus Coirpigh, Bochtanas, Bulaíocht, Féinmharú, Brú scrúdaithe, Piarbhrú, Easpa saoirse, Bulaíocht ar líne agus eile, Ciníochas, | **Fadhbanna an Duine Óig**<br>Dífhostaíocht, Andúileachas, Foréigean, Coireanna agus coirpigh, Bochtanas, Bulaíocht (ar líne agus eile), Saol Clainne, Brú scrúdaithe, Íomhá choirp, Piarbhrú, Easpa saoirse, Ciníochas, |
| **Tionsclaíocht**<br>Feirmeoireacht, Ríomhaireacht, Iascaireacht, Turasóireacht, Monarchana, Taighde agus forbairt, | **Tionsclaíocht**<br>Feirmeoireacht, Ríomhaireacht, Iascaireacht, Turasóireacht, Monarchana, An tAontas Eorpach, Nuatheicneolaíocht, Taighde agus Forbairt, Domhandú, |
| **An Timpeallacht**<br>An timpeallacht áitiúil, Caomhnú na timpeallachta, Truailliú, Athchúrsáil, Tubaistí domhanda, | **An Timpeallacht**<br>An Timpeallacht áitiúil, Caomhnú na timpeallachta, Truailliú, Acmhainní nádúrtha, Athchúrsáil, Téamh Domhanda, Tubaistí Domhanda, |
| **Cúrsaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta**<br>An tsíocháin, Cogadh, Arm na hÉireann, An Tuaisceart, An pholaitíocht, An tAontas Eorpach, Na Náisiúin Aontaithe, | **Cúrsaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta**<br>An tSíocháin, Cogadh, An Tuaisceart, An tAontas Eorpach, An pholaitíocht, Na Náisiúin Aontaithe, Gorta, An Tríú Domhan, Cumainn charthanachta, Trócaire, Goal, srl, Dáil na nÓg, |
| **An Státchóras**<br>An Stát, Bunreacht na hÉireann, Toghcháin, An tSeirbhís Phoiblí, | **An Státchóras**<br>An Stát, Bunreacht na nÉireann, Toghcháin, An tSeirbhís Phoiblí, An pholaitíocht, An tÚdarás Áitiúil, Comhairleoirí Áitiúla, |
| **Airgead**<br>Coigilt, Pá agus tuarastal, Na Bainc, Pinsean, Cártaí creidmheasa, Titim i bhfiacha, Scoláireachtaí, Deontais, Iasachtaí, Cuntais ar líne, Comhar creidmheasa, | **Airgead**<br>Coigilt, Díluacháil agus boilsciú, Pá agus tuarastail, Fiontraíocht, Na Bainc, Pinsean, Cártaí creidmheasa, Titim i bhfiacha, Scoláireachtaí, Deontais, Iasachtaí, Cuntais ar líne, Caimiléireacht, Comhair Chreidmheasa, |
| **Faisean**<br>Cineálacha éagsúla éadaí, Fógraíocht, Piarbhrú, Praghasanna, Cúrsaí siopadóireachta, Clár faisin teilifíse, Siopadóireacht ar líne, | **Faisean**<br>Cineálacha éagsúla éadaí, Fógraíocht agus margaíocht, Tionscal an fhaisin, Cúrsaí siopadóireachta, Clár faisin teilifíse, Praghasanna, Piarbhrú, Íomhá choirp, |
| **Bia agus Sláinte**<br>Cineálacha bia, Béilí agus cócaireacht, Baill an choirp, Tinneas agus galair, SEIF, Aiste bia, Murtall / otrachas, Cleachtadh coirp, Aclaíocht, | **Bia agus Sláinte**<br>Cineálacha bia, Béilí, Baill an choirp, Tinneas agus galair, SEIF / MRSA / CJD, Galair mharfacha, Aiste bia, Murtall, Cleachtadh Coirp, Aclaíocht, Córas Sláinte, Fadhbanna sláinte, Breoiteacht, |
| **Laethanta Saoire**<br>Laethanta saoire in Éirinn agus thar lear, Obair pháirtaimseartha, Turasóirí, Ticéid a chur in áirithe ar líne, Coláistí Samhraidh, Aerfoirt, Pas, Modhanna taistil, | **Laethanta Saoire**<br>Laethanta saoire in Éirinn agus thar lear, Obair pháirtaimseartha, Turasóireacht, Ticéid a chur in áirithe ar líne, Modhanna taistil, Coláistí Samhraidh, Bliain bhearnach, Féilte na bliana, Aerfort, Pas, |
| | **An Tríú Domhan**<br>Cearta daonna, Cearta agus an chóir, Tubaistí nádúrtha, Claondearcadh agus ciníochas, Cogadh, Cumainn charthanachta, |
| | **An Litríocht**<br>Cad chuige an litríocht?, Litríocht na Gaeilge, Litríocht an Bhéarla agus teangacha eile, Cineálacha éagsúla litríochta, Seánraí éagsúla, |
| **Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)**<br>Suímh idirlín (eagraíochtaí, scoileanna srl…), Suímh shóisialta idirlín, Irisí/nuachtáin/nuachtlitreacha ar líne, Stáisiúin raidió (ar líne agus eile), Podchraoltaí, Cláir theilifíse, Cartlann TG4, Scannáin nó giotaí físeán, Amhráin, Íoslódálacha, Blaganna, Ríomhphoist, Téacsteachtaireachtaí, Tuarthéacs, Foclóirí Leictreonacha, Guthphost, Vikíthe, | **Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)**<br>Suímh idirlín (eagraíochtaí, scoileanna srl…), Suímh shóisialta idirlín, Irisí/nuachtáin/nuachtlitreacha ar líne, Stáisiúin raidió (ar líne agus eile), Podchraoltaí, Cláir theilifíse, Cartlann TG4, Scannáin nó giotaí físeán, Amhráin, Íoslódálacha, Blaganna, Ríomhphoist, Téacsteachtaireachtaí, Tuarthéacs, Foclóirí leictreonacha, Guthphost, Vikíthe, |
| **Ábhair eile a gcuireann an scoláire spéis iontu** | **Ábhair eile a gcuireann an scoláire spéis iontu** |

*(Tuilleadh eolais ar lch 30 – 35 agus lch 43 – 48 den Siollabas)*

## Siollabas Nuashonraithe na hArdteistiméireachta
## Feidhmeanna

Is ionann feidhm anseo agus an úsáid a bhaineann duine as teanga chun sprioc nó aidhm a chur i gcrích. Moltar do mhúinteoirí a gcuid scoláirí a ullmhú chun go mbeadh ar a gcumas an raon teanga a bhaineann leis na feidhmeanna seo a leanas a aithint sa ghabhchumas (tuiscint) agus a úsáid sa ghinchumas (táirgeadh).

| | |
|---|---|
| **Sóisialú**<br>(teagmháil a dhéanamh agus a choimeád le daoine eile) | Beannú<br>Cur in aithne<br>Sonraí pearsanta a fháil/a thabhairt<br>Buíochas a ghabháil<br>Comhghairdeas a dhéanamh<br>Cuireadh a thabhairt, glacadh le cuireadh (nó diúltú dó)<br>Slán a fhágáil<br>Coinne a shocrú<br>Leithscéal a ghabháil<br>Fiafraí<br>Achainí a iarraidh, srl.<br>Geallúint a thabhairt<br>Socrú a dhéanamh |
| **Ag lorg nó ag tabhairt eolais** | Cur síos a lorg/a chur in iúl<br>Míniú a lorg/a thabhairt<br>Teachtaireacht a thabhairt nó a chur ar aghaidh<br>Deimhniú a dhéanamh<br>Seasamh a thógáil nó taobh a ghlacadh<br>A rá go bhfuil nó nach bhfuil rud éigin ar eolas agat<br>Inniúlacht nó cumas a chur in iúl<br>A fháil amach an bhfuil rud éigin ar eolas ag duine<br>A rá gur cuimhin leat rud, duine nó áit éigin |
| **Ag cur tuairimí nó dearcadh in iúl** | Tuairimí a lorg nó a nochtadh<br>Rogha a chur in iúl<br>Spéis nó suim a nochtadh<br>Aontú agus easaontú<br>Dúil nó mian a chur in iúl<br>Cinnteacht nó éiginnteacht a chur in iúl |
| **Ag áitiú** | Rudaí a iarraidh ar dhuine eile<br>Iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh<br>Cabhair a iarraidh<br>Cead a iarraidh<br>Comhairle a thabhairt<br>Éileamh a dhéanamh<br>Moladh a dhéanamh<br>Rabhadh a thabhairt |
| **Ag cur mothúcháin in iúl** | Mothúcháin a nochtadh agus a aithint<br>Taitneamh, pléisiúr, sásamh a chur in iúl<br>Míthaitneamh agus míshástacht a chur in iúl<br>Fearg, díomá, aiféala a nochtadh<br>Imní a chur in iúl<br>Cathú, brón a chur in iúl<br>Grá, fuath, déistin a chur in iúl, srl.<br>Easpa tuisceana a chur in iúl |
| **Ag leasú na cumarsáide** | Comhrá a choimeád sa tsiúl<br>Ag iarraidh ar dhuine rud a athrá<br>Ag iarraidh ar dhuine rud a shoiléiriú nó a mhíniú<br>Ag iarraidh ar dhuine focal a litriú |

*Tuilleadh eolais agus eiseamláirí ar Lch 11 – 27 den Siollabas*

# Treoracha an Mhúinteora

Tasc 1 **Aidhm**: eolas a lorg

**Topaic**: An Scoláire féin; Caitheamh Aimsire; Taisteal agus Teangacha; An Aimsir; Cultúr; Laethanta Saoire; TFC.

**Feidhmeanna:** Beannú; Sonraí pearsanta a fháil is a thabhairt; Fiafraí; Socrú a dhéanamh; Cur síos a lorg is a chur in iúl; Deimhniú a dhéanamh; Rogha a chur in iúl; Easpa tuisceana a chur in iúl; Comhrá a choimeád sa tsiúl srl; Buíochas a ghabháil; Slán a fhágáil.

**Réamhobair agus Cumasú:**
Foirmeacha ceistiúcháin, míonna na bliana, laethanta na seachtaine, am, áiseanna an cheantair.
M.sh.

| **Foirmeacha ceistiúchain** | **Míonna na bliana** | **Laethanta na seachtaine** | **Áiseanna an cheantair** |
|---|---|---|---|
| Cé?<br>*Cé atá ann ?*<br>Cad?<br>*Cad atá uait ?*<br>Cá bhfuil ? Cén áit ?<br>*Cá bhfuil an seomra ?*<br>Cathain?<br>*Cathain a shroichfidh tú an t-- óstán ?*<br>Cén fáth ?<br>*Cén fáth nach mbeidh an linn snámha ar oscailt ?*<br>Conas ?/Cén chaoi ?<br>*Conas atá tú ?* | Eanáir<br>Feabhra<br>Márta<br>Aibreán<br>Bealtaine<br>Meitheamh<br>Iúil<br>Lúnasa<br>Meán Fómhair<br>Deireadh Fómhair<br>Samhain (Mí na Samhna)<br>Nollaig (Mí na Nollag) | Dé Luain / Luan<br>Dé Máirt<br>Dé Céadaoin<br>Déardaoin<br>Dé hAoine<br>Dé Sathairn<br>Dé Domhnaigh | Seirbhísí, tionscail, siamsaíocht<br>***m.sh.***<br>Aerfoirt<br>Ionad siopadóireachta<br>Ionad aclaíochta<br>Bácús<br>Siopa poitigéara<br>Siopa nuachtán<br>Ollmhargadh<br>Linn snámha<br>Áiseanna spóirt<br>Modhanna taistil<br><br>Ceantar tuaithe<br>Ceantar cathrach<br>Ceantar talmhaíochta<br>Ceantar iascaireachta<br>Ceantar tionsclaíochta<br>Ceantar turasóireachta<br>Ceantar sléibhtiúil |

**An Tasc:**
Obair bheirte atá ann. Glao gutháin idir beirt. (cuairteoir atá ag iarraidh eolas a fháil ar óstán srl. & an fáilteoir san óstán.)


- Tá an cuairteoir ag cur scairt ar an óstán chun eolas a fháil faoi sheomra a bheith ar fáil ar dhátaí éagsúla. Beidh sé ag lorg eolais faoi phraghas, áiseanna san óstán, bialann an óstáin, imeachtaí sa cheantar.

- Cuirfidh an fáilteoir ceisteanna faoi na socruithe taistil, líon na ndaoine atá i gceist agus an páistí/daoine fásta atá i gceist.

**Tasc breise:**
Obair bheirte – Leis an eolas a bailítear faoin óstán, dátaí srl. Iarr ar na scoláirí an turas a ullmhú. D'fhéadfaí iarradh orthu liosta a dhéanamh amach de na héadaí/nithe a bheidh ag teastáil uathu agus iad ar saoire, agus comhrá a bheith eatarthu faoi na rudaí éagsúla thabharfaidh siad leo.
(A "Tabharfaidh mé taos fiacla liom ach an dtabharfaidh tú triomadóir gruaige leatsa le do thoil?"
B "Tabharfaidh mé cinnte!")

## Spreagchárta / Leathanach oibre an scoláire

Beidh trí nóiméad agat anois comhrá a ullmhú agus a chleachtadh leis an duine in aice leat. Bain úsáid as na nathanna cainte atá agat sa tasc seo. Bí cinnte go dtuigeann tú cén t--eolas atá le bailiú agat.



**Iarobair:**

D’fhoghlaim mé na rudaí seo a leanas mar chuid den tasc seo:

a)

b)

c)

D’fhoghlaim mé na nathanna seo a leanas nuair a d’éist mé le grúpa eile:

a)

b)

c)

Mhol an múinteoir gur chóir dom/dúinn bheith cúramach faoi:

a)

b)

c)

**Obair Bhaile:** ______________________________________________________________________

# Treoracha an Mhúinteora

Tasc 2 **Aidhm**: ag gearán

**Topaic**: Caitheamh Aimsire; Saol na hOibre; Cultúr; Airgead; Bia agus Sláinte; Laethanta Saoire

**Feidhmeanna:** Beannú; Sonraí pearsanta a fháil is a thabhairt; Fiafraí; Leithscéal a ghabháil; Míniú a lorg/a thabhairt; Tuairim a nochtadh; Iarraidh ar dhuine rud a dhéanamh; Mothúcháin a nochtadh;Comhrá a choiméad sa tsúil.

**Réamhobair:** Na foirmeacha ceistiúcháin, laethanta na seachtaine agus am.
Beidh gá struchtúir áirithe a réamhmhúineadh freisin.
M.sh.

| **Foirmeacha Ceistiúcháin** | **Laethanta na seachtaine** | **Am** | **Struchtúir** |
|---|---|---|---|
| Cé?<br>*Cé a d'fhreagair an fón?*<br>Cathain?<br>*Cathain a ghlaoigh tú ar an mbialann*?<br>Cén fáth?<br>*Cén fáth nach bhfuil bord agat dúinn?*<br>Conas?<br>*Conas is féidir linn cúiteamh a thabhairt?* | Dé Luain/ An Luan<br>Dé Máirt/ An Mháirt<br>Dé Céadaon/ An Chéadaoin<br>Déardaoin/An Déardaoin<br>Dé hAoine/ An Aoine<br>Dé Sathairn/ An Satharn<br>Dé Domhnaigh/ An Domhnach | Mar shampla:<br>Seacht a chlog<br>Cúig tar éis a seacht<br>Ceathrú tar éis a seacht<br>Leathuair tar éis a seacht<br>Fiche chun a hocht<br>Ceathrú chun a hocht | Níl mé sásta;<br>Caithfidh mé a rá/admháil;<br>Ba mhaith liom míshástacht a chur in iúl;<br>An bhfuil a fhios agat;<br>Cad is féidir leat a dhéanamh?;<br>Tá fearg/ náire/ aiféala orm; |

**An Tasc:**
Obair bheirte atá ann. Custaiméir & bainisteoir bialainne.

- Níl an custaiméir sásta mar chuir sé bord in áirithe sa bhialann cúpla lá ó shin. Nuair a shroich sé an bhialann ní raibh bord ar fáil. Déanann an custaiméir gearán leis an mbainisteoir.
- Déanann an bainisteoir iarracht ceisteanna an chustaiméara a fhreagairt. Déanann sé leithscéalta agus cuireann sé an custaiméir ar a shuaimhneas.

- Dúshlán breise: D'fhéadfaí a rá le bainisteoir na bialainne go n--aithníonn sé an custaiméir toisc gur chruthaigh sé trioblóid sa bhialann cheana agus nach dteastaíonn ón mbainisteoir custaiméir 'trioblóideach' a scaoileadh isteach sa bhialann. Ach dár ndóigh ní féidir leis an mbainisteoir aon rud a rá leis an gcustaiméir faoin ócáid sin.

Beidh 3 nóiméad ullmhúcháin ag gach beirt an comhrá a chumadh.
Iarrfar ar bheirteanna éagsúla an comhrá atá ullmhaithe a chur i láthair an ranga.

**Iarobair:**
Éist le comhrá ó dhaoine eile sa rang agus breac síos nathanna/tuairimí suimiúla.
Critéir mharcála – bí ag faire amach

## Spreagchárta / Leathanach oibre an Scoláire

**Réamhobair:**

**Cad í an fhadhb?**

1. Roghnaigh trí íomhá agus déan cur síos orthu don duine in aice leat. Iarr orthu an íomhá a tharraingt nó eochairfhocail a scríobh síos ionas go mbeidh sé in ann achoimre a thabhairt ar an gcur síos.
2. Freagair na ceisteanna a ghabhann le gach íomhá.

| | | |
|---|---|---|
| Cad atá uaidh?  | Conas a mhothaíonn sé agus cén fáth?  | Cad atá ag cur as di?  |
| Cad atá ag cur as dó?  | Cén fáth go bhfuil uafás air?  | Cén fáth go bhfuil ionadh air?  |
| Cad atá ar an ngloine?  | Conas a mhothaíonn sí agus cén fáth?  | Cad a tharla?  |

**Tasc Beirte:**

Beidh trí nóiméad agat comhrá a ullmhú idir custaiméir agus bainisteoir bialainne. Breac síos na critéir atá riachtanach don chomhrá seo: _______________________________

_______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

Anois cleachtaigh an comhrá leis an duine in aice leat.

**Iarobair:**

Tabhair sonraí don duine in aice leat/rang faoin mbia is fearr agus is measa a bhí agat i mbialann. Déan cur síos ar an ócáid, daoine, bia, atmaisféar, fadhb, réiteach, toradh, srl. Is féidir achoimre scríofa a dhéanamh don obair bhaile.

## Treoracha an Mhúinteora

**Tasc 3** **Aidhm:** ag déanamh leithscéal.

**Topaic:** An Scoláire Féin; Ceol; Caitheamh Aimsire; Cultúr; Fadhbanna an Duine Óig; Airgead; Tionsclaíocht.

**Feidhmeanna**: Beannú; Leithscéal a ghabháil; Geallúint a thabhairt; Míniú a lorg; Iarraidh ar dhuine rud a dhéanamh; Comhairle a thabhairt; Míshástacht a chur in iúl; Comhrá a choiméad sa tsúil.

**Réamhobair:** **F**oirmeacha ceistiúcháin, laethanta na seachtaine, am, áiseanna an cheantair.
Beidh struchtúir áirithe de dhíth.

| **Foirmeacha ceistiúcháin** | **Laethanta na seachtaine** | **Am** | **Áiseanna an cheantair** | **Struchtúir** |
|---|---|---|---|---|
| Cé?<br>*Cé a shocraigh an cleachtadh?*<br>Cathain?<br>*Cathain a fuair tú an scéal faoi do chara?*<br>Cén fáth?<br>*Cén fáth nár chuir tú scairt?*<br>Conas?<br>*Conas is féidir cleachtadh do cheolchoirm má bhíonn daoine as láthair?* | Dé Luain/ AnLuan<br>Dé Máirt/ An Mháirt<br>Dé Céadaon/ An Chéadaoin<br>Déardaoin/An Déardaoin<br>Dé hAoine/ An Aoine<br>Dé Sathairn/ An Satharn<br>Dé Domhnaigh/ An Domhnach | Mar shampla:<br>Seacht a chlog<br>Cúig tar éis a seacht<br>Ceathrú tar éis a seacht<br>Leathuair tar éis a seacht<br>Fiche chun a hocht<br>Ceathrú chun a hocht | Seirbhísí & siamsaíocht<br>***m.sh.***<br>Aerfoirt<br>Ionad siopadóireachta<br>Ionad aclaíochta<br>Bácús<br>Siopa poitigéara<br>Siopa nuachtán<br>Ollmhargadh<br>Linn snámha<br>Áiseanna spóirt<br>Modhanna taistil | Ba mhaith liom leithscéal a ghabháil mar..;<br>Níl mé sásta;<br>Caithfidh mé a rá/admháil;<br>Ba mhaith liom míshástacht a chur in iúl;<br>An bhfuil a fhios agat;<br>Tá fearg/ náire/ aiféala/brón orm;<br>Is cúis mhór imní dom…;<br>Ní tharlóidh sé arís;<br>Geallaim duit go/nach. |

**An Tasc:**
Obair bheirte atá ann. Comhrá idir bainisteoir an ghrúpa ceoil & ball an ghrúpa.

- Tá ball den ghrúpa ceoil ag gabháil leithscéal le bainisteoir an ghrúpa mar nach raibh sé ábalta freastal ar chleachtadh an ghrúpa arú aréir. Cumann sé 3--5 leithscéal éagsúil.

- Éisteann an bainisteoir & cuireann sé ceisteanna air faoi cá raibh sé, cad a bhí ar siúl aige, cathain a fuair sé amach nach mbeadh sé ann, cén fáth nár chuir sé scéal chucu, an bhfuil sé chun fanacht leis an ngrúpa?

**Iarobair:**
Cum an comhrá a bheidh agat le ball eile den ghrúpa ceoil agus inis dó/di faoin gcomhrá a bhí agat leis an mbainisteoir. Déan cur síos ar mhothúcháin, cheisteanna, dearcadh an bhainisteora, tabhair do thuairim faoin gcomhrá a bhí agaibh, léirigh do chuid mothúcháin faoin mbainisteoir agus déan iarracht do thuairimí a chur i bhfeidhm ar do chara.

## Spreagchárta / Leathanach oibre an Scoláire

**A**

Freagair na ceisteanna seo a leanas:



1. Cén saghas banna ceoil é seo?
2. Cé mhéad ball atá sa ghrúpa?
3. Cén saghas ceoil a sheinneann siad?
4. Ainmnigh na baill.
5. Cum ainm don bhanna ceoil.



6. Cén saghas grúpa é seo?
7. Luaigh dhá uirlis ceoil atá i ngrúpa mar seo.
8. Cén saghas ceoil a sheinneann siad?
9. Ar fhreastal tú riamh ar cheolchoirm mar seo? Déan cur síos air, ar thaitin sé leat?
10. Cén saghas ceoil is fearr a thaitníonn leat?

**B**

**Tasc:**

Samhlaigh go bhfuil tú mar chuid de bhanna ceoil. Déan cur síos air.
Céard is ainm don bhanna ceoil?
Cé eile atá sa bhanna agus cén uirlis a sheinneann siad?
Cén saghas ceoil a sheinneann sibh?
Cathain agus cá gcleachtaíonn sibh le chéile?
Céard is ainm don bhainisteoir?
Cén saghas duine é/í?

**C**

Ceoltóir: Samhlaigh go bhfuil ort leithscéal a ghabháil le bainisteoir an bhanna ceoil toisc nach raibh tú ábalta freastal ar chleachtadh an ghrúpa arú aréir. Cumann tú leithscéalta éagsúla. Ní réitíonn tú go maith leis an mbainisteoir ach teastaíonn uait fanacht sa bhanna agus caithfidh tú iarracht a dhéanamh a chur ina luí air go bhfuil tú ag insint na fírinne agus gur ball riachtannach tú den bhanna ceoil.

Bainisteoir: Éist le leithscéalta an cheoltóra agus cuir ceisteanna air faoi cá raibh sé, cad a bhí ar siúl aige, cathain a fuair sé amach nach mbeadh sé ann, cén fáth nár chuir sé scéal chucu, an bhfuil sé chun fanacht leis an ngrúpa? Ní cheapann tú go bhfuil meas aige ar obair chrua agus tá amhras ort faoina thodhchaí sa bhanna.

**Iarobair**

Tar éis duit labhairt leis an mbainisteoir, inis do chara faoin gcomhrá a bhí agat leis.
Déan cur síos ar mhothúcháin, cheisteanna, dhearcadh an bhainisteora, tabhair do thuairim faoin gcomhrá a bhí agaibh, léirigh do chuid mothúcháin faoin mbainisteoir agus déan iarracht do thuairimí a chur i bhfeidhm ar do chara.

**Obair bhaile:** ___________________________________________________________________________

## Treoracha an Mhúinteora

Tasc 4 **Aidhm**: ag fágáil teachtaireachta

**Topaic:** An Scoláire Féin; Cairdeas; Ceol; Caitheamh Aimsire; Na Meáin Chumarsáide; Taisteal agus Teangacha; An Aimsir; Cultúr; Faisean; Laethanta Saoire; TFC.

**Feidhmeanna:** Beannú; Cuireadh a thabhairt; Coinne a shocrú; Fiafra; Socrú a dhéanamh; Teachtaireacht a thabhairt; Spéis a nochtadh; Dúil nó mian a chur in iúl; Cead a iarraidh; Mothúcháin a nochtadh; Comhrá a choiméad sa tsiúl; TFC.

**Réamhobair:**
Aimsir Chaite & Aimsir Fháistineach, Uimhreacha & Praghasanna. Beidh gá struchtúir áirithe a réamhmhúineadh.

| **Briathra** | **Uimhreacha/praghasanna** | **Struchtúir** |
|---|---|---|
| Chonaic mé fógra.<br>Beidh 1D ag seinm.<br>Díolfar na ticéid ar shuíomh Ticketmaster.<br>An mbeadh suim agat dul ann.<br>An gcuirfidh tú glao orm?<br>Buailfidh mé leat.<br>Labhróidh mé le mo thuismitheoirí. | Mar shampla:<br>Cúig euro déag.<br>Fiche euro.<br>Cúig euro is fiche.<br>Tríocha euro. | Bhí gliondar/sceitiminí/ áthas an domhain orm;<br>Thug mé faoi deara;<br>x atá ar na ticéid;<br>Ba bheag nár thit mé i laige; Ba bhreá liom dul;<br>Ar mhiste leat glao a chur orm |

**An Tasc:**

**Obair bheirte**. Comhrá a bheidh ann.

Scoláire A: Cara amháin ag cur glao ar chara leis. Níl sé ar fáil agus caithfidh sé glórphost a fhágáil. Beidh an grúpa is fearr leo beirt ag seinm i mbliana ag Electric Picnic agus beidh na ticéid ar díol an tseachtain ina dhiaidh sin. Caithfidh sé eolas a fhágáil faoi Electric Picnic, ainm an ghrúpa, praghas na dticéad, cá mbeidh siad ar fáil & cathain, go bhfuil suim aige féin dul ann & ag iarraidh ar a chara glaoch ar ais.

Scoláire B: Caithfidh an cara eile éisteacht leis an teachtaireacht & í a fhreagairt ag cur in iúl go bhfuil gliondar air faoin ngrúpa, gur mhaith leis dul ann, go gcaithfidh sé labhairt lena thuismitheoirí agus go mbuailfidh sé leis chun na ticéid a chur in áirithe.

Tabharfar 2 nóiméad do dhuine amháin an teachtaireacht a chumadh (is féidir leo beirt teachtaireacht a chumadh & ansin roghnóidh an múinteoir cé acu a fhágfaidh an teachtaireacht).
Tabharfar 3 nóiméad don bheirt ansin an comhrá a chumadh.

**Iarobair:**

Rogha tascanna breise: “agam…agat…againn”

1. Obair aonair (agam) – Roghnaigh 5 rud a thabharfá leat chuig an gceolchoirm.
2. Obair bheirte (agat) – As an 10 rud a roghnaigh sibh , plé na buntáistí & míbhuntáistí agus roghnaigh 5 rud eadraibh.
3. Ceathrar (againn) – Pléigí na roghanna a rinne sibh agus aontaígí faoin 5 rud is tábhachtaí.
4. Obair ranga (againn) – Plé ginearálta agus díospóireacht ar na 5 rud is úsáidí. (D’fhéadfaí díriú ar an Modh Coiníollach nó an Aimsir Fháistineach.)

## Spreagchárta / Leathanach oibre an Scoláire

Cara amháin ag cur glao ar chara leis. Níl sé ar fáil agus caithfidh sé teachtaireacht a fhágáil.

1. Chuala tú go mbeidh an banna ceoil is fearr leat agus do chara ag seinm i mbliana ag Electric Picnic agus go mbeidh na ticéid ar díol an tseachtain seo chugainn. Chuir tú glao ar do chara ach níor fhreagair sé/sí. Ullmhaigh an teachtaireacht a fhágfaidh tú leis an eolas seo a leanas:

- ainm an ghrúpa,
- praghas na dticéad,
- cá mbeidh siad ar fáil & cathain,
- go bhfuil suim agat féin dul ann
- ag iarraidh ar do chara glaoch ar ais.

Déan taifead ar do theachtaireacht, nó abair amach os ard é don duine in aice leat.

2. Éist le teachtaireacht do chara. Beidh ort glao a chur ar ais air/uirthi chun freagra a fhágáil.
Sa teachtaireacht, cuir in iúl

- go bhfuil gliondar ort faoin gceolchoirm,
- gur mhaith leat dul ann,
- go gcaithfidh tú labhairt le do thuismitheoirí, agus
- go mbuailfidh tú leis chun na ticéid a chur in áirithe.

**Agam, Agat, Againn:**

Déan liosta de na rudaí a bheidh ag teastáil uait agus tú ag freastal ar an gceolchoirm.

<table>
<tr><th>Liosta</th><td rowspan="11">Anois roghnaigh an cúig rud is tábhachtaí, dar leat.<br>1.<br>2.<br>3.<br>4.<br>5.<br><br>Ansin pléigh iad seo leis an duine in aice leat agus roghnaigh an 5 rud is tábhachtaí.</td><th>Aontaigh faoin 5 rud is tábhachtaí</th></tr>
<tr><td>1</td><td rowspan="2">1</td></tr>
<tr><td>2</td></tr>
<tr><td>3</td><td rowspan="2">2</td></tr>
<tr><td>4</td></tr>
<tr><td>5</td><td rowspan="2">3</td></tr>
<tr><td>6</td></tr>
<tr><td>7</td><td rowspan="2">4</td></tr>
<tr><td>8</td></tr>
<tr><td>9</td><td rowspan="2">5</td></tr>
<tr><td>10</td></tr>
</table>

I ngrúpaí de cheathrar – Pléigí na roghanna a rinne sibh agus aontaígí faoin 5 rud is tábhachtaí.
Obair ranga – Plé ginearálta agus díospóireacht ar an 5 rud is úsáidí.

**Iarobair:**

Ar luaigh aon duine eile aon rud riachtanach nach bhfuil agatsa ar do liosta?

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

Seo iad na briathra is úsáidí a d'úsáid mé agus muid ag plé an ábhair seo.

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

## Treoracha an Mhúinteora

**Tasc 5** **Aidhm:** ag cur tuairime in iúl

**Topaic:** An Scoláire Féin; An Scoil agus Cúrsaí Oideachais; Ceol; Caitheamh Aimsire; An Ghaeilge; Na Meáin Chumarsáide; Cúrsaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta; Cultúr; Faisea; An Statchórás; TFC.

**Feidhmeanna:** Cur síos a chur in iúl**;** Míniú a thabhairt; Seasamh a thógáil; Tuairimí a lorg agus a nochtadh; Rogha a chur in iúl; Spéis a nochtadh; Mothúcháin a nochtad;, Comhrá a choiméad sa tsúil; TFC.

**Réamhobair:**
Ag brath ar a bhfuil os a gcomhair amach beidh gá foclóir a mhúineadh bainteach le saghasanna leabhar/scannán/clár teilifíse etc. Caithfear aidiachtaí a réamhmhúineadh. Is gá struchtúir a réamhmhúineadh.

| Stór focal | Aidiachtaí | Struchtúir |
|---|---|---|
| Scannán/leabhar/clár – grinn/romansúil/bleachtaireachta/ eachtraíochta.<br>Sobalchlár/ clár faisnéise/ clár nuachta/clár spóirt / clár ceoil. | Suimiúil<br>Taitneamhach<br>Spreagúil<br>Leadránach<br>Bríomhar<br>Corraitheach<br>Macnamhach<br>Beoga<br>Amaideach<br>Greannmhar | I mo thuairim;<br>Tá mise den tuairim;<br>Is dóigh liom;<br>Ceapaim/ sílim;<br>(ní) aontaím /go hiomlán le;<br>Is é mo mheas/thuairim |

**An Tasc:**

Obair ghrúpa.
Tugtar sraith íomhánna bunaithe ar scannán/ clár teilifíse/ leabhar/ cluiche spóirt/cluiche ríomhaireachta don ghrúpa. Caithfidh siad cur síos a dhéanamh ar na híomhanna atá acu. Ansin caithfidh siad tuairim a nochtadh faoin a bhfuil os a gcomhair.

**Iarobair:**

Beidh seans ag corrghrúpa cur i láthair a dhéanamh don rang. Beidh deis ag scoláirí ó ghrúpaí eile cur leis an gcur síos nó tuairimí eile a nochtadh. Beidh deis ag an múinteoir díriú isteach ar bhotúin 'sna struchtúir sa chuid seo den rang agus an teanga a shaibhriú.

## Spreagchárta / Leathanach oibre an Scoláire

A

Cuir na ceisteanna seo ar do pháirtnéir:

- Cén clár teilifíse atá i gceist anseo?
- Cén saghas clár teilifíse é?
- Déan cur síos ar an gclár. (Bain úsáid as 5--7 aidiacht sa chur síos)
- An maith leat an clár teilifíse seo? Cén fáth?




Is féidir na ceisteanna céanna a chleachtadh faoi ábhair éagsúla – leabhair, spórt, cluiche ríomhaireachta srl.

B Roghnaigh **leabhar** a léigh tú le déanaí.
Déan cur síos air. (tabhair eolas faoin ainm, údar, scéal, seánra, carachtair, agus do thuairim faoin leabhar). Tabhair achoimre ó bhéal don duine in aice leat. Freagair aon cheist a chuirtear ort.

C Roghnaigh **scannán** a chonaic tú le déanaí.
Déan cur síos air. (tabhair eolas faoi scéal an scannáin, seánra, na carachtair, na haisteoirí, agus do thuairim faoi, aon eolas eile). Tabhair achoimre ó bhéal don duine in aice leat. Freagair aon cheist a chuirtear ort.

**Iarobair:**

D'fhoghlaim mé na rudaí seo a leanas mar chuid den tasc seo:

a)
b)
c)

D'fhoghlaim mé na nathanna seo a leanas nuair a d'éist mé le grúpa eile:

a)
b)
c)

Mhol an múinteoir gur chóir dom/dúinn bheith cúramach faoi:

a)
b)
c)

**Obair Bhaile :**

____________________________________________________________________________
____________________________________________________________________________

## Treoracha an Mhúinteora

**Tasc 6** **Aidhm:** Rogha a dhéanamh

**Topaic**: An Scoláire Féin; Cairdeas; Ceol; Spórt; Caitheamh Aimsire; An Ghaeilge; Na Meáin Chumarsaide; Cultúr; Cúrsaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta; Airgead; TFC.

**Feidhmeanna**: Fiafraí; Cur síos a chur in iúl; Míniú a thabhairt;, Seasamh a thógáil; Tuairimí a nochtadh; Rogha a chur in iúl; Spéis a nochtadh; Aontú nó Easaontú; Mothúcháin a nochtadh; Comhrá a choiméad sa tsiúl.

**Réamhobair:**
An téarmaíocht a bhaineann le suíomh idirlín & cluiche ríomhaireachta. Caithfear struchtúir a réamhmhúineadh, chomh maith le liosta aidiachtaí &na céimeanna comparáide.

| **Stór Focal** | **Aidiachtaí** | **Struchtúir** |
|---|---|---|
| Suíomh/suímh idirlín;<br>An t--idirlíon;<br>Leathanbhanda;<br>Bogearraí;<br>Cuardach;<br>Deilbhín;<br>Diosca;<br>Íomha(nna);<br>Lódáil;<br>Logáil;<br>Méarchlár;<br>Nasc;<br>Ríomhaire glúine;<br>Ríomhphost;<br>Scáileán<br>Tarraing<br>Sábháil<br>Úsáid<br>Úsáideoir<br>Víreas | Beidh gá liosta aidiachtaí a bheith acu & na céimeanna comparáide a bheith déanta mar beidh orthu abairtí mar 'is é x an ceann is fearr liom mar tá sé níos suimiúla' a úsáid chun rogha a dhéanamh<br><br>Taitneamhach<br>Suimiúil<br>Leadránach<br>Spleodrach<br>Áisiúil<br>Greannmhar<br>Spórtúil<br>Beoga<br>Cliste<br>Amaideach<br>Mealltach<br>Tarraingteach<br>Tógálach | Is fearr liom x ná y mar..<br><br>Tá x níos fearr ná y mar...<br><br>Níl x thar moladh beirte..<br><br>Is é x an ceann is fearr mar..<br><br>Is é x mo rogha mar.. |

**Tasc:**
Obair ghrúpa: Tá dhá shuíomh idirlín/ leabhar/ chlár/ scannán/ chluiche ríomhaireachta/ ghrúpa ceoil/ fhoireann peile… ann. Déanann gach duine sa ghrúpa cur síos ar shuíomh/leabhar/scannán a thaitníonn leo. Cuireann siad fáthanna lena dtuairimí. Nuair atá seans ag gach duine labhairt caithfidh an grúpa teacht ar réiteach faoin gceann is mó a thaitníonn leis an ngrúpa.
D'fhéadfaí díospóireacht siúil a reáchtáil leis an rang ar fad ar an ábhar céanna le tógáil ar an obair bheirte/ghrúpa seo.

**Iarobair:**
Gheobhaidh an múinteoir aiseolas ó gach grúpa. Beidh deis ag scoláirí ansin sa rang aontú/easaontú leis na roghanna a chuala siad. D'fhéadfaí dul i dtreo díospóireachta a chumadh chomh maith.
Beidh deis ag an múinteoir díriú isteach ar na botúin a rinneadh sa chuid seo den obair & an teanga a shaibhriú.

## Spreagchárta / Leathanach oibre an Scoláire

A

Cleachtadh: **Obair ghrúpa**

| |
|---|
| Roghnaigh scannán a thaitníonn libh go léir. |
| Déan cur síos air. |
| Mínigh conas a tháinig tú air agus cathain a chonaic tú é. |
| Cén fáth go dtaitníonn sé leat? |
| Cosain do rogha agus do thuairim faoi. |

B

**Obair Aonair:**

Tabharfaidh an múinteoir topaic/ábhar faoi leith do gach grúpa. Freagair na ceisteanna seo a leanas.

Ábhar: ______________________________ (m.sh. suímh idirlín, amhrán, clár teilifíse srl.)

Déan cur síos air.
Mínigh conas a tháinig tú air.
Cén fáth go dtaitníonn sé leat?
Cosain do rogha agus do thuairim faoi.

Rogha na scoláirí eile sa ghrúpa: ______________________________________________________________
__________________________________________________________________________________________
__________________________________________________________________________________________

Tar éis daoibh éisteacht lena chéile, roghnaigí an ceann is fearr dar libh. Bíodh fáthanna agaibh chun bhur dtuairim a chosaint.

Beidh ar urlabhraí an ghrúpa cur i láthair a dhéanamh don rang ar an rogha a rinne sibh agus ar a laghad 3 chúis cén fáth. Bíodh baill iomlán an ghrúpa réidh le ceisteanna a fhreagairt.

**Iarobair:**

D'fhoghlaim mé na nathanna seo a leanas nuair a d'éist mé le grúpa eile:
a)
b)
c)

**Obair Bhaile:** **Ullmhaigh cur síos ar na topaicí seo a leanas:**

Déan cur síos air (5 phointe), do thuairim faoi, cén fáth, níos fearr/suimiúla ná rogha eile.

- An caitheamh aimsire is fearr liom
- An t--ábhar scoile is fearr liom
- An seomra is fearr liom sa teach
- An gluaisteán is fearr liom
- An áit is fearr liom ar domhan
- An scéal nuachta is suimiúla a chuala mé
- An cluiche peile is fearr a chonaic mé riamh

## Treoracha an Mhúinteora

**Tasc 7** **Aidhm:** cur síos a dhéanamh & cinneadh a thógáil

**Topaic**: An Scoláire Féin; An Scoil & Cúrsaí Oideachais; Cairdeas; Ceol; An Aimsir; Caitheamh Aimsire; Taisteal & Teangacha; Cultúr; Tionsclaíocht; Faisean; Bia & Sláinte; Laethanta Saoire.

**Feidhmeanna**: Fiafraí; Cur síos a chur in iúl; Míniú a lorg/ a thabhairt; Deimhniú a dhéanamh; Tuairimí a nochtadh; Rogha a chur in iúl;Aontú/easaontú; Cinnteacht/éiginnteacht a chur in iúl; Cabhair a iarraidh; Mothúcháin a nochtadh; Ag iarraidh ar dhuine rud a athrá/ a shoiléiriú.

**Réamhobair:**
Aimsir Láithreach/ Fháistineach. Is fiú samplaí den ainm briathartha a réamhmhúineadh.
Beidh gá struchtúir a réamhmhúineadh.

| **Briathra** | **Aidiachtaí** | **Struchtúir** | **Réamhfhocail** |
|---|---|---|---|
| Tá x sa phictiúr.<br><br>Feicim x sa phictiúr.<br><br>Tugaim faoi deara go bhfuil…<br><br>Ta sé soiléir go bhfuil…<br><br>Tá mé cinnte go... | Réimse mhaith aidiachtaí a chlúdóidh gach cur síos.<br>Ba chóir aidiachtaí as gach aicme a mhúineadh – cinn a chríochnaíonn ar --úil; consan; guta agus na haidiachtaí neamhrialta.<br>Is féidir céimeana comparáide na haidiachta a mhúineadh fosta. | Ceapaim/sílim/ tá mise den tuairim go bhfuil an pictiúr seo sa chéad áit mar..<br>Is é seo an chéad/dara/tríú/ ceathrú ceann mar..<br>Aontaím le x mar..<br>Níl an ceart agat mar..<br>An bhfuil gach duine den tuairim go/nach..? | in aice le<br>os cionn<br>faoi<br>taobh thiar de<br>ar<br>cois<br>os comhair |

**Tasc:**
Gearr na pictiúir óna chéile sula dtugtar amach iad.

Obair ghrúpa. Tugtar pictiúr amháin ó shraith pictiúr (4 nó 6 phictiúr) do gach duine sa ghrúpa. Caithfidh gach duine cur síos a dhéanamh ar a bhfuil ina phictiúr. Caithfear ord na bpictiúr a oibriú amach.

(Más gá is féidir am a thabhairt do na scoláirí foclóir/nathanna a aimsiú agus a scríobh síos a chabhróidh leo cur síos a dhéanamh ó bhéal.)


**Iarobair:**
Obair Ranga
Iarrtar ar scoláirí éagsúla ó ghrúpaí éagsúla cur síos a dhéanamh ar gach pictiúr.
i.e. scoláire amháin ó ghrúpa amháin ag cur síos ar phictiúr a haon, scoláire ó ghrúpa eile ag cur síos ar phictiúr a dó agus ar aghaidh.
Is féidir leis an muinteoir foclóir nua a chloistear a chur ar an chlár bán. Tabharfar obair bhaile scríofa do na scoláirí bunaithe ar an scéal a chumfar sa rang.


## Spreagchárta / Leathanach oibre an Scoláire


Seisear i ngach grúpa – pictiúr amháin ag gach scoláire. Gearr na pictiúir óna chéile sula dtugtar amach iad.

1. Caithfidh gach duine cur síos a dhéanamh ar a bhfuil ina phictiúr. Ullmhaigh eochairfhocail nó nathanna a chabhróidh leat cur síos a dhéanamh ar do phictiúr.
2. Lig do gach duine sa ghrúpa cur síos ó bhéal a dhéanamh ar an bpictiúr atá acu. Ná taispeáin na pictiúir dá chéile agus déan iarracht ord na bpictiúr a oibriú amach.














An bhfuil an rang ar fad aontaithe faoi ord na bpictiúr?

| Nathanna nua a d'fhoghlaim mé : |
| --- |
| |

## Treoracha an Mhúinteora

**Tasc 8** **Aidhm:** Eolas a lorg & ceisteanna a chur

**Topaic**: An Scoláire Féin; An Scoil & Cúrsaí Oideachais; Ceol; An Aimsir; Caitheamh Aimsire; Taisteal & Teangacha; Cultúr; Tionsclaíocht; Faisean; Bia & Sláinte; Laethanta Saoire; An Timpeallacht; Cúrsaí Náisiúnta & Idirnaisiúnta.

**Feidhmeanna**: Fiafraí; Cur síos a chur in iúl; Míniú a lorg/ a thabhairt; Deimhniú a dhéanamh; Tuairimí a nochtadh; Cinnteacht/éiginnteacht a chur in iúl; Cabhair a iarraidh; Mothúcháin a nochtadh; Ag iarraidh ar dhuine rud a athrá/ a shoiléiriú.

**Réamhobair:**
Ceisteanna & Freagraí, Réamhfhocail, Stór focal & nathanna úsáideacha.

| **Foirmeacha Ceistiúcháin** | **Réamhfhocail** | **Struchtúir** |
|---|---|---|
| An bhfuil?<br>*An bhfuil clog/salann i do phictiúr?*<br>Cá bhfuil?<br>*Cá bhfuil an clog?*<br>Cén t--am?<br>*Cén t--am é?*<br>Cé mhéad?<br>*Cé mhéad cathaoir/pota atá sa phictiúr?*<br>Cén dath atá ar?<br>*Cén dath atá ar an mballa?* | In aice<br>Os cionn<br>Taobh thiar de<br>Os comhair<br>Faoi<br>Ar<br>Taobh le<br>Idir<br>Sa<br>I | I lár an phictiúir (ar dheis/ar chlé);<br>ag bun an phictiúir (ar dheis/ar chlé);<br>ag barr an phictiúir (ar dheis/ar chlé);<br>sa chúinne ar dheis/ar chlé |

**Tasc:**
Obair bheirte. Tugtar dhá phictiúr den suíomh chéanna do na scoláirí – ceann an duine. Caithfidh siad na difríochtaí idir an dá phictiúr a aimsiú. Is féidir an tasc a bhunú ar aon topaic sa siollabas.
Caithfear ceisteanna a chur ar a chéile chun teacht ar na difríochtaí.

| **Focail úsáideacha** ( ! www.teg.ie) |
|---|
| Cnaipe – Knob |
| Murláin – Handles |
| Searróga – Jars |
| Potaí – Pots |
| Sorn – Cooker |
| Muince – Necklace |
| Stríocaí – Stripes |

**Iarobair:**

Iarrfar ar scoláirí éagsúla na difríochtaí a aimsíonn siad a insint don rang.
Is féidir scéal a bhunú ar phictiúir amháin mar shampla cur síos ar cad atá ar siúl ann nó a rá 'is tusa duine de na daoine sa phictiúr seo. Inis cad a tharla an lá áirithe sin'. Dírigh ar an labhairt ar dtús agus ansin bunaigh obair scríofa ar a bhfuil déanta sa rang.

## Spreagchárta / Leathanach oibre an scoláire

**Tasc:** Obair bheirte

1. Déan cur síos ar do phictiúr féin agus éist le cur síos do pháirtnéara.
2. Cuir ceisteanna ar do pháirtnéir chun na difríochtaí idir an dá phictiúr atá agaibh a aimsiú agus freagair na ceisteanna a chuirtear ort.

Pictiúr A




!www.teg.ie

**Iarobair**

1. Déan cur síos ar na daoine sa phictiúr thuas. (ainm, éadaí, gaol eatarthu, tréithe, cad atá ar siúl acu srl.)
2. Cum comhrá/scéal/nóta dialainne faoin lá seo.

*************************************************************************************

Pictiúr B



!www.teg.ie

**Iarobair**

1. Déan cur síos ar na daoine sa phictiúr thuas. (ainm, éadaí, gaol eatarthu, tréithe, cad atá ar siúl acu srl.)
2. Cum comhrá/scéal/nóta dialainne faoin lá seo.

## Treoracha an Mhúinteora

**Tasc 9** **Aidhm:** Seasamh a thógáil/ taobh a ghlacadh

**Topaic**: An Scoláire Féin; An Scoil & Cúrsaí Oideachais; Cairdeas; Ceol; An Aimsir; Caitheamh Aimsire; Taisteal & Teangacha; Cultúr; Tionsclaíocht; Faisean; Bia & Sláinte; Laethanta Saoire; TFC; An Státchórás; Airgead; An Timpeallacht.

**Feidhmeanna**: Fiafraí; Cur síos a chur in iúl; Míniú a lorg/ a thabhairt; Deimhniú a dhéanamh; Tuairimí a nochtadh; Rogha a chur in iúl; Aontú/easaontú; Cinnteacht/éiginnteacht a chur in iúl; Mothúcháin a nochtadh; Ag iarraidh ar dhuine rud a athrá/ a shoiléiriú; Comhrá a choiméad sa tsiúl.

**Réamhobair:**
Caithfear nathanna &réimse aidiachtaí a réamhmhúineadh.

| **Stór Focal** | **Aidiachtaí** | **Struchtúir** |
|---|---|---|
| Múinfear stór focal mar chuid den topaic atá idir lámha. | Réimse mhaith aidiachtaí a chlúdóidh gach cur síos.<br>Ba chóir aidiachtaí as gach aicme a mhúineadh – cinn a chríochnaíonn ar<br>--úil; consan; guta agus na haidiachtaí neamhrialta.<br>Is féidir céimeanna comparáide na haidiachta a mhúineadh fosta. | Is é mo thuairim/ tá mise den tuairim go/nach..<br>Creidim ( go láidir)...<br>Ceapaim/ sílim/ is dóigh liom/ is é mo bharúil go/nach…<br>Ní/aontaím le...<br>Táim cinnte go/nach… |

**Tasc:**

Obair ghrúpa. Tugtar suíomh reatha ábharthach don ghrúpa( X--Factor/ foireann peile/ club oíche áitiúil/ airgead póca/ creidmheas don fhón póca…). Caithfidh siad cur síos a dhéanamh ar an suíomh e.g. an clár teilifíse agus seasamh a thógáil ina leith.
Más rud é gur airgead póca a bheadh ann d'fhéadfaí cur síos a dhéanamh ar cé mhéad a fhaigheann siad in aghaidh na seachtaine; cad a dhéanann siad leis; an ceart airgead póca a fháil; cé mhéad ba chóir do dhéagóirí a fháil; an bhfaigheann déagóirí an iomarca; ar chóir obair a dhéanamh chun an t-- airgead a thuilleamh….

**Iarobair:**


Iarrfar ar ghrúpaí éagsúla na tuairimí a bhí acu a chur i láthair an ranga. Beidh cead ag na scoláirí eile sa rang aontú/easaontú leis na tuairimí.
Beidh deis an topaic a phlé mar rang agus rún díospóireachta a bhunú ar an topaic.
Is féidir obair scríofa a bhunú ar an bplé e.g ríomhphost a chur chuig an gclár/ bhfoireann/gclub/ nuachtán áitiúil ag gearán/moladh na hoibre atá idir lámha acu.

## Spreagchárta / Leathanach oibre an scoláire

A

Déan cur síos ar na híomhánna seo:






B

Déan plé i mbeirteanna ar na ceisteanna seo a leanas:

- An bhfaigheann tú airgead póca ó do thuismitheoirí?
- Cé mhéad a fhaigheann tú in aghaidh na seachtaine?
- Cad a dhéanann tú leis?
- An ceart airgead póca a fháil?
- Cé mhéad ba chóir do dhéagóirí a fháil?
- An bhfaigheann déagóirí an iomarca airgid?
- Ar chóir obair a dhéanamh chun an t– airgead a thuilleamh?
- Aon cheist eile?:

C

Tabhair aiseolas don rang faoin duine in aice leat.

**Iarobair:**

Pléigí an t--ábhar seo mar rang agus tabharfaidh an múinteoir rún díospóireachta daoibh chun cabhrú leis an bplé.

**Obair bhaile:**

Is féidir obair scríofa a bhunú ar an bplé e.g ríomhphost a chur chuig an Ombudsman do Leanaí/ nuachtán áitiúil / srl. ar an ábhar seo.

## Treoracha an Mhúinteora

**Tasc 10** **Aidhm**: Inniúlacht nó cumas a chur in iúl

**Topaic**: An Scoláire Féin; An Scoil & Cúrsaí Oideachais; Cairdeas; Ceol; An Aimsir; Caitheamh Aimsire; Taisteal & Teangacha; Cultúr; Tionsclaíocht; Faisean; Bia & Sláinte; Laethanta Saoire; TFC; An Timpeallacht;

**Feidhmeanna**: Fiafraí; Cur síos a chur in iúl; Deimhniú a dhéanamh; Tuairimí a nochtadh; Rogha a chur in iúl; Cinnteacht/éiginnteacht a chur in iúl; Cabhair a iarraidh; Ag iarraidh ar dhuine rud a athrá/ a shoiléiriú.

**Réamhobair**

Ba cheart go mbeadh nasc idir an píosa atá idir lámha & topaic atá ar siúl sa rang. Beidh an foclóir a bheidh idir lámha réamhmhúinte mar chuid den topaic.

**Tasc**

Obair bheirte. Léann scoláire amháin cúpla alt ó iris/ leabhar/ théacs éigin. Caithfidh an scoláire eile éisteacht leis an bpíosa. Tar éis na léitheoireachta insíonn an dara scoláire ina fhocail féin éirim an phíosa a chuala sé.

Ba chóir go mbeadh **foclóirí** / wwww.focal.ie / www.potafocal.com srl. ar fáil do na scoláirí, chun cabhrú leo.

Is féidir giotaí léitheoireachta eile a fháil ar an idirlíon, mar shampla:
www.muinteoirgaeilge.ie
www.rrr.ie
www.gaelsceal.ie
www.beo.ie
www.nuacht24.com
ww.froebel.ie
www.teg.ie
www.nuim/language/vifax

**Iarobair**

Éisteacht ghníomhach: Beidh deis ag roinnt beirteanna an píosa atá idir lámha acu a chur i láthair an ranga. Má tá bearnaí eolais is féidir leis na scoláirí eile ionchur a dhéanamh. Beidh deis ag an múinteoir a chinntiú go bhfuil na mórphointí aimsithe ag na scoláirí agus an Ghaeilge a shaibhriú. Is féidir leis na scoláirí nótaí a ghlacadh fad is atá siad ag éisteacht.

## Spreagchárta an scoláire (alt amháin ag gach scoláire)

**Tá na Míolta Móra Chugainn!**

Le seachtain anuas tá míolta móra le feiceáil go soiléir amach ó chósta Loch Garman. Gach bliain taistilíonn na hainmhithe ollmhóra seo thar chóstaí na hÉireann go dtí Oileáinín Rinne Verde atá ar chósta thiar na hAfraice. Tá timpeall aon cheann déag acu feicthe i mbliana, cuid acu don chéad uair. Is iomaí cineál éagsúil de mhíolta móra atá ann. Bhí na míolta móra seo le feiceáil ag pléascadh amach as an bhfarraige mhór timpeall sé chiliméadar ón gcósta. Is míol mór dronnach é mar go bhfuil cnaipí ar a dhroim. Is féidir leis bheith 15 méadar ar fhad agus suas le 40 tonna. Tá suas le 10 000 faoileán á leanúint! Agus chonaic mairnéalaigh ar an L.E. Orla seacht ndroimeiteach amach ó chósta Chorcaí an tseachtain seo caite freisin.

(ELeathanach Choláiste Oideachais Froebel)

**Infeistíocht ó U2 in Oideachas na hÉireann.**

Tá U2 ag cabhrú le daltaí na hÉireann dul i mbun ceoil! Bhronn an rac--bhanna clúiteach €5 milliún ar 'Music Generation' – clár ceoil náisiúnta do dhaoine óga – agus beidh an dá mhilliún eile don togra ag teacht ón ngréasán carthanais idirnáisiúnta, 'Ireland Funds'. Tá súil acu go mbeidh deis ag na mílte páistí foghlaim conas uirlis cheoil a sheinm nó chun amhrán a chasadh, páistí nach mbeadh seans acu seo a dhéanamh de ghnáth. Bhí Bono agus na leaids ar scoil i Mount Temple Comprehensive School i gCluain Tarbh i mBaile Átha Cliath, agus is ansin gur fhoghlaim siad ceird an cheoil le chéile. Is deas a fheiceáil go bhfuil siad chun an deis chéanna a thabhairt do pháistí eile ar fud na tíre anois!

www.rrr.ie

**One direction ar ais i mBÁC**

Tháinig an grúpa cáiliúil One Direction go Páirc an Chrócaigh an samhradh seo caite. Bhí trí cheolchoirm acu i bPáirc an Chrócaigh ar 23, 24 agus 25 Bealtaine. Bhí Niall, Harry, Zayn, Louis agus Liam ag taisteal ar fud an domhain lena gcamchuairt Where We Are ag an am. An tseachtain seo caite bhí siad sa Bhrasaíl. Tar éis na gceolchoirmeacha i mBÁC chuaigh siad go Sasana agus ansin ar fud na hEorpa. D'fhreastail níos mó ná 240,000 duine ar na ceolchoirmeacha sin! Níl aon dabht ach go raibh atmaisféar leictreach ann!

(ELeathanach Choláiste Oideachais Froebel)

**Tá sé ríthábhachtach go n-ísleoidh CLG an praghas ar an gheata**

Tá cuid maith d'ógánaigh na tire fós ag fágáil slán agus iad ag taisteal thar lear chun obair a fháil toisc go bhfuil fadhbanna eacnamaíochta agus fostaíochta againn anseo in Éirinn. Is uafásach an scéal é go bhfuil ar na daoine seo, agus a lán díobh le hardcháilíochtaí bainte amach acu, an tír a fhágáil agus na cáilíochtaí seo a úsáid i dtíortha eile.

Tá an CLG ag tairiscint ticéidí séasúir dos na cluichí sraithe go léir arís i mbliana agus don chéad chraobhchluiche, ar 75 euro. Is an--luach é seo. Tá fhios agam go bhfuil cainteanna ar siúl freisin i bPáirc an Chrócaigh chun na praghsanna do na craobhchluichí a ísliú. Dar ndóigh tá sé rí--thábhtachtach go ndéanann siad amhlaidh sa ghéarchéim seo. Ach caithfidh siad níos mó a dhéanamh chun daoine a mhealladh isteach chuig cluichí, go háirithe na cinn sraithe.

Sna cluichí iomána i mbliana rinne na hurraitheoirí Bord Gáis iarracht atmaisféar taitneamhach a chruthú ag leath ama le comórtas darbh ainm 'buail an trasnán'. Sa chomórtas seo bhí ar iomaitheoirí an trasnán a bhualadh le sliotar ó fiche méadar amach . Chuir sé go mór le pacáiste an chluiche go raibh an píosa spraoi seo ag leath ama.

Ach tríd is tríd níl dóthain á déanamh chun siamsa a sholáthar roimh chluichí agus ag leath ama. Tá caighdeán an cheoil go hainnis ag formhór na bpáirceanna imeartha. In a lán des na háiteanna seo is cosúil go bhfuil téip no seancheirnín ón seansaol acu agus seinntear é seo roimh gach cluiche. Tá sé in am anois ag an oifigeach cultúir nó siamsaíochta slám nua ceoil a fháil.

www.gaelscéal.ie

# Treoracha an Mhúinteora

**Tasc 11** **Aidhm:** Sástacht**/** Míshástacht a chur in iúl

**Topaic:** An Scoláire Féin; An Scoil & Cúrsaí Oideachais; Cairdeas; Na Meáin Chumarsáide; Cultúr; Fadhbanna an Duine Óig; Airgead; Faisean; TFC.

**Feidhmeanna**: Leithscéal a ghabháil; Fiafraí; Geallúint a thabhairt; Cur síos a chur in iúl; Míniú a lorg/thabhairt; Seasamh a thógáil nó taobh a ghlacadh; A rá go/nach bhfuil rud ar eolas agat; Tuairimí a nochtadh; Aontú/easaontú; Comhairle a thabhairt; Mothúcháin a nochtadh; Ag iarraidh ar dhuine rud a shoiléiriú.

**Réamhobair**
Ba cheart na trí bhunaimsir a bheith réamhmhúinte chomh maith le struchtúir áirithe, réimse áirithe aidiachtaí & na céimeanna comparáide.

| **Foirmeacha Ceistiúcháin** | **Aidiachtaí** | **Struchtúir** |
|---|---|---|
| Cad?<br>*Cad atá á chaitheamh agat?*<br>Cén fáth?<br>*Cén fáth go bhfuil an riail nua sáraithe agat*?<br>Cathain?<br>*Cathain a shocraigh tú an dath sin a chur i do ghruaig*?<br>Cé?<br>*Cé a thug cead duit é sin a dhéanamh?*<br>An bhfuil a fhios agat?<br>*An bhfuil a fhios agat nach bhfuil dath ceadaithe i do ghruaig?*<br>Nach bhfuil a fhios agat?<br>*Nach bhfuil a fhios agat go mbeidh ort an dath sin a bhaint inniu?* | Amaideach<br>Áiféiseach<br>Uafásach<br>Déistineach<br>Drochmheasúil<br>Míshásúil<br>Imníoch<br>Doghlactha<br>Faiseanta<br>Dathúil<br>Álainn<br>Ceanndána<br>Drochmhúinte | Ní/aontaím leis an riail nua mar…<br><br>Tá/níl an riail nua cothrom/féaráilte mar..<br><br>Cuireann an riail nua fearg/ déistin/alltacht orm mar..<br><br>Tá mé ar mire mar..<br><br>Is cúis mhór imní í mar..<br><br>Tá/níl mé sásta le...<br><br>Ba cheart deireadh a chur le...<br><br>Tá an x ag dul in olcas mar.. |

**Tasc**

Obair ghrúpa. Tá riail nua tar éis teacht i bhfeidhm sa scoil e.g. níl cead dath a chur i do chuid gruaige. Caithfidh na scoláirí an riail nua a phé.

**Iarobair**
Beidh deis ag an múinteoir aiseolas a fháil ó na grúpaí éagsúla ar dtús & foclóir nua a chur ar an gclár bán. Is féidir bualadh ar aghaidh ansin & díospóireacht ranga a bhunú ar na tuairimí a léiríodh.
Chun béim a leagan ar an Modh Coinníollach is féidir a rá "dá mbeinn i mo phríomhoide chuirfinn deireadh leis an riail áirithe seo mar..." nó "seo an riail a chuirfinn i bhfeidhm mar..."


## Spreagchárta / Leathanach oibre an scoláire

An Rún: ________________________________________________________________________________

Foclóir:

Ullmhúchán:

**I bhfábhar an Rúin** **idir dhá chomhairle** **I gcoinne an Rúin**



A Chathaoirligh, a mholtóirí, a chomhscoláirí agus a chairde, táimse anseo inniu………..

Príomhphointí:

1.

2.

3.

4.

5.

Go raibh míle maith agaibh…….. agus tá súil agam go n--aontaíonn sibh liom……!!

## Treoracha an Mhúinteora

**Tasc 12** **Aidhm:** Cur síos a dhéanamh & taitneamh, pléisiúr, sásamh a chur in iúl

**Topaic:** An Scoláire Féin; Áit Chónaithe; An Scoil & Cúrsaí Oideachais; Cairdeas; Ceol; Caitheamh Aimsire; An Ghaeilge; Saol na hOibre; Taisteal & Teangacha; Cúrsaí Náisiúnta & Idirnaisiúnta; Faisean; Laethanta Saoire.

**Feidhmeanna**: Cur síos a chur in iúl; A rá gur cuimhin leat rud éigin; Tuairimí a nochtadh; Rogha a chur in iúl; Taitneamh, pléisiúr, sásamh a chur in iúl; Comhrá a choiméad sa tsiúl;

**Réamhobair:**

Caithfidh an aimsir chaite a bheith ar a dtoil ag na scoláirí. Beidh gá laethanta na seachtaine, míonna na bliana agus cúrsaí ama, struchtúir, aidiachtaí srl. a réamhmhúineadh.

| **Laethanta** | **Míonna** | **Am** | **Aidiachtaí** | **Struchtuir** |
|---|---|---|---|---|
| An Luan/ Dé Luain<br>An Mháirt/ Dé Máirt<br>An Chéadaoin/ Dé Céadaoin<br>An Déardaoin/ Déardaoin<br>An Aoine/ Dé hAoine<br>An Satharn/ Dé Sathairn<br>An Domhnach/ Dé Domhnaigh | Eanáir<br>Feabhra<br>Márta<br>Aibreán<br>Bealtaine<br>Meitheamh<br>Iúil<br>Lúnasa<br>Meán Fómhair<br>Deireadh Fómhair<br>Samhain/Mí na Samhna<br>Nollaig/ Mí na Nollag | Mar shampla:<br>Seacht a chlog<br>Cúig tar éis a seacht<br>Ceathrú tar éis a seacht<br>Leathuair tar éis a seacht<br>Fiche chun a hocht<br>Ceathrú chun a hocht | Taitneamhach<br>Suimiúil<br>Spleodrach<br>Greannmhar<br>Spórtúil<br>Beoga<br>Tarraingteach<br>Bríomhar<br>Corraitheach<br>Spreagúil | Bhain mé taitneamh/sult/pléisiúr/ sástacht as mar..<br>Bhí x go hiontach/ ar dóigh mar..<br>Bhí x ar cheann de na x is fearr dá bhfaca mé riamh mar..<br>Is fiú (go mór) dul ann mar..<br>Bhí an mí--ádh ort gur chaill tú é mar.. |

**Tasc:**

Obair ghrúpa. Caithfidh gach duine sa ghrúpa cur síos a dhéanamh ar ócáid éigin ar bhainsiad taitneamh as. B'fhéidir gur cóisir/ ceolchoirm/ cluiche/ scannán…a bhí ann. Caithfidh siad a rá cén fáth gur bhain siad taitneamh as.

**Iarobair:**

Beidh an múinteoir ábalta aiseolas a fháil ó ghrúpaí éagsúla sa rang. Má tá scoláirí a d'fhreastail ar an ócáid chéanna beidh siad ábalta cuidiú lena chéile.

Chun tógáil ar an obair is féidir obair bheirte a bheith ann idir tuairisceoir ó stáisiún teilifíse agus an duine a d'fhreastail ar an ócáid (an cluiche/ ceolchoirm/scannán). Ina dhiaidh sin is féidir leis an tuairisceoir caint a ullmhú chun cur i láthair a dhéanamh ar Pop 4 nó Nuacht a 7 a chlog, nó tuairisc a scríobh don nuachtán an lá dar gcion.

## Spreagchárta / Leathanach oibre an scoláire

Ócáid Speisialta – obair aonair ar dtús, ansin obair bheirte.

1. Cén ócáid atá i gceist?
2. Cathain a bhí se ar siúl?
3. Cá raibh sé ar siúl?
4. Cé a bhí ann?
5. Cén t--am a thosaigh sé, a chríochnaigh sé srl.
6. Cad a chaith tú?
7. Cad a d'ith /d'ól tú?
8. Cén fáth gur bhain tú taitneamh as?
9. Ar fhreastail tú ar aon ócáid eile cosúil leis?
10. Cén fáth go raibh an ócáid seo níos fearr?

**Obair bheirte:**
Cum alt nuachta/ agallamh don raidió / teilifís faoin ócáid.
Bíodh iriseoir ag cur ceisteanna agus duine eile ag tabhairt freagraí.

**Iarobair**

D'fhéadfaí díriú anois ar ócáid uafásach agus cur síos a dhéanamh air don duine in aice leat.
D'fhéadfaí roinnt de na ceisteanna céanna a phlé.

**Céimeanna comparáide na hAidiachta**

| An Bhunchéim | An Bhreischéim | An Sárchéim |
|---|---|---|
| Ard | *níos airde* | *is airde* |
| Ciúin | | |
| Mór | | |
| Beag | | |
| Maith | | |
| Olc | | |
| Gearr | | |
| Fada | | |
| Álainn | | |

## Treoracha an Mhúinteora

**Tasc13** **Aidhm:** dúil nó mian a chur in iúl

**Topaic:** An Scoláire Féin; Áit Chónaithe; Cairdeas; Na Meáin Chumarsáide; Taisteal & Teangacha; An Aimsir; Cultúr; An Timpeallacht; Cúrsaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta; Airgead; Bia agus Sláinte; Laethanta Saoire; TFC.

**Feidhmeanna**: Cur síos a chur in iúl; Míniú a thabhairt; Tuairimí a nochtadh; Rogha chur in iúl; Spéis a nochtadh; Dúil nó mian a chur in iúl; Mothúcháin a nochtadh.

**Réamhobair:**
Beidh gá foclóir a bhaineann le tíortha an domhain, bia agus an aimsir a bheith ar eolas ag na scoláirí. Caithfear an Modh Coinníollach, aidiachtaí, nathanna srl. a réamh--mhúineadh.

| **Bia** | **Aidiachtaí** | **Aimsir** | **Struchtúir** |
|---|---|---|---|
| Cinéalacha bia:<br>Bradán<br>Cadóg<br>Scadán<br>Sól<br>Trosc<br>Breac<br>Faoitín<br>Portán<br>Gliomach<br>Oisre /oisrí<br>Caoireoil<br>Laofheoil<br>Mairteoil<br>Sicín<br>Glasraí & torthaí<br>Bia orgánach<br>Bia úr | Taitneamhach<br>Suimiúil<br>Leadránach<br>Spleodrach<br>Spórtúil<br>Beoga<br>Mealltach<br>Tarraingteach<br>Álainn<br>Saor<br>Costasach<br>Stairiúil<br>Blasta | Te/fuar<br>Fliuch/tirim<br>Geal/dorcha/scamallach<br>Gaofar/stoirmiúil<br>Ceomhar<br>Sioc/sneachta<br>Ag cur/stealladh baistí<br>An ghrian ag scoilteadh na gcloch<br>Bíonn an teocht 25°C ar an meán.<br>Bíonn an teocht faoi bhun an reophointe.<br>Laethanta fada/gearra | Ba mhaith liom/ ba bhreá liom/ dul go dtí..<br>Ba bhreá liom cuairt a thabhairt ar…<br>Dá mbeadh airgead agam ba bhreá liom tamall a chaitheamh i/ cónaí i..<br>Dá mbeadh an rogha agam ba mhaith/bhreá liom x..<br>Taitníonn x liom; |

**Tasc:**
Obair ghrúpa. Caithfear plé a dhéanamh ar an áit sa domhan ar mhaith leo dul. Tugtar seans do gach duine a t(h)uairim a nochtadh. Is féidir iarraidh ar gach grúpa cinneadh a thógáil faoin áit ar mhaith leo dul mar ghrúpa. Beidh ar dhuine amháin aiseolas a thabhairt don rang. Is féidir taighde a dhéanamh ar an idirlíon sa bhaile.

**Iarobair:**
Beidh deis ag roinnt grúpaí aiseolas a thabhairt don rang. Má tá daoine ar mhaith leo dul chuig an áit chéanna is féidir leo cuidiú lena chéile maidir le foclóir/ tuairimí.
Chun tógáil ar an obair labhartha iarr ar na grúpaí bróisiúr eolais a dhearadh don áit.
Is féidir suíomh idirlín bainteach le hionad saoire a thaispeáint & plé a bhunú uirthi.

## Spreagchárta / Leathanach oibre an scoláire

**Obair Aonair:**
Déan machnamh ar an gceist seo:
Cén áit/tír ar mhaith leat cuairt a thabhairt uirthi agus cén fáth?
Bí réidh le do thuairimí a roinnt le do ghrúpa.

**Obair ghrúpa:**
Inis do gach duine eile sa ghrúpa cén tír ar mhaith leat cuairt a thabhairt uirthi nó cónaí inti. Inis cén fáth ar mhaith leat dul chuig an tír sin. Bain úsáid as na híomhánna seo chun cabhrú leat.




**Obair ghrúpa:**
Tá gach duine sa ghrúpa tar éis labhairt faoin áit ar mhaith leo dul. Anois tá sibh tar éis duais €5,000 a bhuachan agus tá cead agaibh go léir dul go dtí áit amháin. Déan plé agus caithfidh an grúpa teacht ar chinneadh faoin áit a rachaidh sibh le chéile agus cén fáth.

**Iarobair:**
Céard iad na briathra sa mhodh coinníollach is mó a d'úsáid tú sa cheacht seo?

## Treoracha an Mhúinteora

**Tasc 14** **Aidhm:** Comhairle a thabhairt & tuairim a nochtadh.

**Topaic:** An Scoláire Féin; An Scoil agus Cúrsaí Oideachais; Cairdeas; Caitheamh Aimsire; Na Meáin Chumarsáide; Taisteal agus Teangacha; Airgead; TFC.

**Feidhmeanna**: Fiafraí; Cur síos a lorg/a chur in iúl; Míniú a lorg; A rá go/nach bhfuil rud ar eolas agat; Tuairimí a lorg; Rogha a chur in iúl; Spéis a nochtadh; Dúil nó mian a chur in iúl; Comhairle a thabhairt; Moladh a dhéanamh; Mothúcháin a nochtadh; Ag iarraidh ar dhuine rud a shoiléiriú.

**Réamhobair:**
Ba cheart foclóir a bhaineann le fón póca a réamh--mhúineadh.
Caithfear réimse aidiachtaí & céimeanna comparáide na n--aidiachtaí, an Modh Coinníollach & an Modh Ordaitheach a réamhmhúineadh.

| **Foclóir** | **Aidiachtaí** | **Struchtúir** |
|---|---|---|
| Téacs<br>Grianghraf<br>Scairt/glaoch<br>Idirlíon<br>Cnaipí<br>Scáileán<br>Creidmheas<br>Seolaim e.g. *seolaim téacsanna go rialta.*<br>Cuirim e.g. *cuirim grianghraf chuig mo chara i Meiriceá.*<br>Faighim e.g. *faighim liúntas airgid gach seachtain ó mo thuismitheoirí.*<br>Is/ní féidir e.g. *is féidir dul ar an idirlíon.* | Saor<br>Daor<br>Costasach<br>Áisiúil<br>Úsáideach<br>Taitneamhach<br>Galánta<br>Sofaisticiúil<br>Faiseanta<br>Riachtanach<br>Luachmhar<br>Príobháideach<br>Pearsanta<br>Cáiliúil<br>Bródúil<br>Tábhachtach<br>Simplí<br>Casta | Mholfainn duit..<br>Ba cheart duit..<br>Ó mo thaithí féin is é/í..<br>Tá x agam agus..<br>Bain triail as..<br>I mo thuairim..<br>Tá mise den tuairim..<br>Is dóigh liom..<br>Ceapaim..<br>Sílim..<br>(Ní) aontaím /go hiomlán le..<br>Bainim úsáid as an bhfón chun…<br>labhairt le mo chara. |

**Tasc:**
Obair ghrúpa. Tá scoláire chun fón póca nua a cheannach? Caithfidh an grúpa comhairle a chur air/uirthi.

**Iarobair:**
Faigh 3 mholadh ó gach grúpa & cuir ar an gclár bán iad. Is féidir plé a dhéanamh agus na 5 cinn is tábhachtaí a chur in ord. Chun tógáil ar an obair seo is féidir Gaeilge na scoláirí a shaibhriú mar shampla:

- Is féidir úsáid an fhóin a nascadh le riail na scoile faoi fhón póca.
- Déan plé ar chomh tábhachtach is atá an fón póca i saol an lae inniu nó dá mbeadh orthu bheith gan an fón póca ar feadh seachtaine conas a chuirfeadh sé isteach ar a saol?

## Spreagchárta / Leathanach oibre an scoláire

**Sampla a haon – Ceisteanna agus Freagraí samplacha chun na scoláirí a spreagadh.**

Scoláire A

Ba mhaith leat fón póca nua a cheannach agus níl tú cinnte faoin gceann is fearr. Iarrann tú ar do chairde comhairle a chur ort. Inis cén fáth gur mhaith leat fón nua. Bain úsáid as cuid de na habairtí seo agus an foclóir a d'fhoghlaim tú sa rang:

- *Tá an fón eile as faisean/dáta.*
- *Ní maith liom mo fhón féin.*
- *Fuair mé airgead mar bhronntanas do mo bhreithlá.*
- *Chonaic mé iphone sa siopa.*
- *Cad is 'app' ann?*
- *An bhfuil mé ábalta dul ar an idirlíon?*
- *Cén praghas atá air?*
- *Cén conradh/comhlacht is fearr?*

Scoláire B

Ba mhaith le do chara fón póca nua a cheannach agus níl sé/sí cinnte faoin gceann is fearr. Cuir comhairle air/uirthi. Bain úsáid as cuid de na habairtí seo agus an foclóir a d'fhoghlaim tú sa rang:

- *Cén fáth go bhfuil fón nua uait?*
- *Tá €30 ar an bhfón in aghaidh na míosa.*
- *Is féidir conradh maith a fháil.*
- *Tá iphone agamsa.*
- *'Sé atá san 'app' ná ....*
- *Tá tú ábalta ceangal a dhéanamh leis an idirlíon.*

**Sampla a dó – Treoracha ginearálta ionas go mbeidh saoirse ag na scoláirí a gcuid Gaeilge féin a úsáid.**

Scoláire A

Ba mhaith leat fón póca nua a cheannach agus níl tú cinnte faoin gceann is fearr. Iarrann tú ar do chairde comhairle a chur ort. Bí cinnte go luann tú na rudaí seo nuair atá tú ag caint leo:

- *2 chúis nach bhfuil tú sásta le do fhón féin.*
- *Cathain a fuair tú an fón sin.*
- *Ceann a chonaic tú le déanaí sa Carphone Warehouse a thaitníonn leat.*
- *Bí cinnte go gcuireann tú ceisteanna orthu faoi na gnéithe seo den fhón – praghas; creidmheas; conradh; an comhlacht is fearr; na rudaí gur féidir a dhéanamh ar an bhfón; an t--idirlíon srl.*

Scoláire B

Ba mhaith le do chara fón póca nua a cheannach agus níl sé/sí cinnte faoin gceann is fearr. Iarrann sé/sí ar a c(h)airde comhairle a chur air/uirthi.

- Bí cinnte go luann tú na rudaí seo nuair atá tú ag caint :
  *An fón atá agat féin agus do thuairim faoi; praghas; creidmheas; conradh; an comhlacht is fearr; na rudaí gur féidir a dhéanamh ar an bhfón; an fón a mholfá agus cén fáth.*

**Iarobair – Measúnú**

| | |
|---|---|
| Tá/níl mé ábalta cur síos a dhéanamh ar fhón póca.<br><br>Tá/níl mé ábalta tuairim a thabhairt faoi fhón póca.<br><br>Tá/níl mé ábalta comhairle a chur ar dhuine.<br><br>Tá orm cabhair a fhail le _________________<br><br>______________________________________ |  |

## Treoracha an Mhúinteora

**Tasc 15** **Aidhm:** Iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh

**Topaic:** An Scoláire Féin; Áit Chónaithe; An Scoil & Cúrsaí Oideachais; Ceol; Spórt; Na Meáin Chumarsáide; Saol na hOibre; Tionsclaíocht; TFC.

**Feidhmeanna**: Cur síos a chur in iúl; Míniú a thabhairt; Deimhniú a dhéanamh; A rá go bhfuil/ nach bhfuil rud ar eolas agat; Tuairimí a nochtadh; Aontú agus easaontú; Cabhair a iarraidh; Rabhadh a thabhairt; Imní a chur in iúl; Míthaitneamh agus míshástacht a chur in iúl; Ag iarraidh ar dhuine rud a athrá.

**Réamhobair:**
Beidh gá an foclóir a bhaineann leis an ngléas áirithe a réamhmhúineadh.
Caithfear an Modh Ordaitheach & struchtúir áirithe a réamhmhúineadh.

| **Briathra** | **Foclóir** | **Struchtúir** |
|---|---|---|
| Cuir<br>Cas<br>Oscail<br>Dún<br>Brúigh<br>Fan<br>Téigh<br>Gearr<br>Tarraing<br>Tóg<br>Tabhair<br>Déan<br>Bain<br>Fág<br>Fan | Bainfidh an foclóir leis an ngléas atá idir lámha. | Ar an gcéad dul síos…<br>Ansin…<br>Ina dhiaidh sin an chéad rud eile ná x…<br>Bí cinnte go/nach….<br>Téigh siar/ar ais.<br>Bí cúramach go/nach… Tabhair aire!<br>Moilligh!<br>Maith tú!<br>Ar fheabhas!<br>Tá an ceart agat!<br>Bog ar aghaidh!<br>Anois! |

**Tasc:**

Obair bheirte. Caithfidh scoláire amháin treoracha a thabhairt don scoláire eile faoi conas rud éigin a dhéanamh e.g.
- conas téacs a chur;
- conas grianghraf a thógail;
- conas seinnteoir Mp3 a chur ar siúl.

**Iarobair:**


Beidh seans ag roinnt grúpaí aiseolas a thabhairt don rang. Má tá bearnaí 'sna treoracha is féidir le grúpa/scoláirí eile cur leo.

# Spreagchárta / Leathanach oibre an scoláire

**Cleachtadh:**
Scoláire A
Tá ort treoracha a thabhairt do chara leat conas plocóid a athrú. Bí cinnte go bhfuil na treoracha soiléir. Labhair go mall leis/léi. Má dhéanann sé/sí botún bí cinnte go gceartaíonn tú é/í/.

| | |
|---|---|
| ***Bain úsáid as cuid de na treoracha seo:***<br>*Cuir an sreang ghorm isteach ar chlé.*<br>*Cuir an clúdach ar an bplocóid.*<br>*Scaoil na scriúnna beaga atá istigh.*<br>*Cuir an phlocóid bun os cionn.*<br>*Cuir an sreang dhearg ar dheis.*<br>*Faigh an scriúire.*<br>*Greamaigh an clúdach.*<br>*Fáisc na scriúnna beaga arís.*<br>*Cas an scriúire agus bain amach na 3 scriú.* |   |

Scoláire B

| | |
|---|---|
|   | Tá cara leat ag tabhairt treoracha duit conas plocóid a athrú. Éist go cúramach agus lean na treoracha sin. Muna dtuigeann tú abair leis/léi nach bhfuil an treoir soiléir. |

**Obair Aonair & Obair Bheirte:**

Céim a haon: Roghnaigh gléas nó tasc dod chara agus cum na treoracha dó/di conas é a dhéanamh. . Bí cinnte go bhfuil na treoracha soiléir. Ansin abair os ard iad. Labhair go mall leis/léi. Má dhéanann sé/sí botún bí cinnte go gceartaíonn tú é/í/. Mar shampla:

- conas téacs a chur;
- conas grianghraf a thógail;
- conas seinnteoir Mp3 a chur ar siúl.

Céim a dó: Éist le treoracha do charad, cinntigh go bhfuil siad soiléir. Cuir ceist muna bhfuil agus ceartaigh más gá. Ansin léigh amach do threoracha féin.

- ✂ An gléas a roghnaigh mé? ______________________________________
- ✂ An gléas a roghnaigh mo chara. ______________________________________

**Iarobair:**

**Measúnú**

1. Breac síos 3 abairt nua a d'fhoghlaim tú ón tasc seo.
   a)
   b)
   c)
2. Breac síos 3 abairt a d'fhoghlaim tú ó ghrúpaí eile.
   a)
   b)
   c)
3. Breac síos 2 rud a thaitin leat sa tasc seo.
   a)
   b)

## Treoracha an Mhúinteora

**Tasc 16** **Aidhm:** Míniú a lorg
**Topaic:** An Scoláire Féin; Áit Chónaithe; Cairdeas; Ceol; Caitheamh Aimsire; Na Meáin Chumarsáide; An Aimsir; Fadhbanna an Duine Óig; Airgead; Laethanta Saoire; TFC.

**Feidhmeanna**: Beannú; Leithscéal a ghabháil; Fiafraí; Geallúint a thabhairt; Míniú a thabhairt/ lorg; Tuairimí a nochtadh; Aontú/easaontú; Mothúcháin a nochtadh; Míshástacht a chur in iúl;

**Réamhobair:**
Caithfear na foirmeacha ceistiúcháin, struchtúir & roinnt leithscéalta a réamhmhúineadh.

| **Foirmeacha Ceistiúcháin** | **Struchtúir** | **Leithscéalta** |
|---|---|---|
| Cad?<br>*Cad a chuir moill ort?*<br>Cá?<br>*Cá raibh tú le leathuair an chloig anuas?*<br>Cathain?<br>*Cathain a d'fhág tú an teach?*<br>Cén fáth?<br>*Cén fáth nár sheol tú téacs chugam*?<br>Cé?<br>*Cé a chuir moill ort?* | In ainm Dé!<br>A thiarcais!<br>Nach méanair duit!<br>Nach breá an saol atá agat!<br>Más mall is mithid!<br>An bhfuil tú dáiríre?<br>Tá sé seo dochreidte!<br>Tá brón orm.<br>Maith dom as a bheith mall/déanach.<br>Ní raibh neart agam air.<br>Ní tharlóidh sé sin arís.<br>Tá/níl an locht ar fad orm.<br>Is duine foighneach tú.<br>Shíl/ cheap mé go mbeifeá imithe. | Bhí orm an obair bhaile a chríochnú.<br><br>Bhí orm teachtaireacht a dhéanamh do mo mham.<br><br>Thit mé i mo chodladh os comhair na teilifíse.<br><br>Bhí scairt/glaoch ó mo dheirfiúr san Astráil.<br><br>Níor fhéach mé ar m'uaireadóir.<br><br>Shíl/cheap mé go raibh muid ag bualadh le chéile ar a 8.30. |

**Tasc:**
Obair bheirte. Tabharfar 4 nóiméad do gach beirt comhrá a ullmhú.
Bhí tú féin agus do chara chun bualadh le chéile ar a 7.30 i.n. chun dul go dtí an scannán is déanaí. Bhí tusa ann in am agus níor tháinig do chara go dtí 8.30 i.n. Tá tú ag iarraidh a fháil amach cén fáth go raibh sé/sí chomh déanach sin.

**Iarobair:**
Is féidir iarraidh ar roinnt péirí sa rang an comhrá atá ullmhaithe acu a chur i láthair an ranga.
Chun tógáil ar an obair tá cúpla féidearthacht eile.

- Cuir i gcás gur chuir do chara glaoch ort ag rá nach mbeadh sé ábalta a bheith ann ar chor ar bith – cum an comhrá a bhí eadraibh ar an bhfón póca.
- Cuir i gcás nár tháinig do chara in aon chor – cum an comhrá a bheadh agat leis/léi an lá ina dhiaidh sin ar scoil.

## Spreagchárta / Leathanach oibre an scoláire

**<u>Sampla a haon – Ceisteanna agus Freagraí samplacha chun na scoláirí a spreagadh.</u>**

**Scoláire A**

Bhí tú chun bualadh le do chara ar a 7.30 i.n. chun dul go dtí an phictiúrlann. Níor tháinig sé/sí go dtí 8.30 i.n. Bhí tú an-- mhíshásta. Cum an comhrá a bhí agaibh. Bain úsáid as na ceisteanna seo sa chomhrá.

- *An fiú dul go dtí an phictiúrlann anois?*
- *Cá raibh tú?*
- *Cén fáth go bhfuil tú déanach?*
- *Cad a dhéanfaidh muid anois*
- *Cén fáth nár sheol tú téacs chugam?*
- *Cathain a bhí a fhios agat go mbeifeá déanach?*

**Scoláire B**

Bhí tú chun bualadh le do chara ar a 7.30 i.n. chun dul go dtí an phictiúrlann. Níor tháinig túgo dtí 8.30 i.n. Bhí do chara an--mhíshásta. Cum an comhrá a bhí agaibh. Bain úsáid as cuid de na freagraí seo sa chomhrá.

- *Tá an--bhrón orm.*
- *Rachaidh muid go dtí bialann Mc Donald's.*
- *Thug mé an fón do m'athair nuair a bhí sé ag dul amach.*
- *Ní raibh neart agam air.*
- *Bhí orm aiste a chríochnú don rang Béarla ar maidin.*
- *Ní raibh mé ag féachaint ar an am.*
- *Ní fiú dul ann anois mar tá an scannán tosaithe.*
- *Nuair a chuala mé Fair City ar an teilifís bhí a fhios agam go raibh mé déanach.*

**<u>Sampla a dó – Treoracha ginearálta ionas go mbeidh saoirse ag na scoláirí a gcuid Gaeilge féin a úsáid.</u>**

**Scoláire A**

Bhí tú chun bualadh le do chara ar a 7.30 i.n. chun dul go dtí an phictiúrlann. Níor tháinig sé/sí go dtí 8.30 i.n. Bhí tú an-- mhíshásta. Cum an comhrá a bhí agaibh. Sa chomhrá luaigh:
An fáth go bhfuil tú míshásta; go bhfuil tú fuar fliuch; go raibh tú ag súil le glao nó téacs; an fáth go bhfuil do chara déanach; go bhfuil an oíche curtha amú; nach fiú dul chuig an scannán anois; socrú eile a dhéanamh.

**Scoláire B**

Bhí tú chun bualadh le do chara ar a 7.30 i.n. chun dul go dtí an phictiúrlann. Níor tháinig tú go dtí 8.30 i.n. Bhí do chara an--mhíshásta. Cum an comhrá a bhí agaibh. Sa chomhrá luaigh:
An leithscéal atá agat; an fáth go bhfuil tú déanach; go bhfuil an--bhrón ort; fáth nár chuir tú glao nó téacs; gur féidir rud eile a dhéanamh.

**<u>Sampla a Trí – Treoracha bunúsacha, gan nod ar bith agus saoirse iomlán ag an scoláire.</u>**

**Scoláire A:** Bhí tú chun bualadh le do chara ar a 7.30 i.n. chun dul go dtí an phictiúrlann. Níor tháinig sé/sí go dtí 8.30 i.n. Bhí tú an--mhíshásta. Cum an comhrá a bhí agaibh.

**Scoláire B:** Bhí tú chun bualadh le do chara ar a 7.30 i.n. chun dul go dtí an phictiúrlann. Níor tháinig tú go dtí 8.30 i.n. Bhí do chara an--mhíshásta. Cum an comhrá a bhí agaibh.

| Breac síos 5 abairt nua a d'fhoghlaim tú ón tasc seo. | Breac síos 2 rud atá le feabhsú agat. |
| --- | --- |
| | |

## Treoracha an Mhúinteora

**Tasc 17** **Aidhm:** Spéis/suim a nochtadh & tuairim a nochtadh

**Topaic:** An Scoláire Féin; Áit Chónaithe; Cairdeas; Caitheamh Aimsire; Na Meáin Chumarsáide; An Aimsir; Airgead; Laethanta Saoire; Taisteal &Teangacha; TFC; Cultúr;

**Feidhmeanna**: Beannú; Fiafraí; Cur síos a lorg; A rá go/nach bhfuil rud éigin ar eolas agat; Tuairimí a nochtadh; Spéis a nochtadh; Mothúcháin a nochtadh; Ag iarraidh ar dhuine rud a shoiléiriú.

**Réamhobair**

Caithfear na foirmeacha ceistiúcháin a réamhmhúineadh. Ba cheart go mbeadh an aimsir láithreach & an aimsir fháistineach déanta. Beidh gá tíortha na hEorpa & modhanna taistil a bheith ar eolas ag an rang.

| **Foirmeacha Ceistiúcháin** | **Tíortha** | **Rudaí le déanamh** | **Modhanna Taistil** |
|---|---|---|---|
| Cé?<br>*Cé a bheidh ag dul ar an turas?*<br>Cad?<br>*Cad a chaithfidh mé a insint do mo thuismitheoirí?*<br>*Cad a bheidh orm a bhreith liom?*<br>Cathain?<br>*Cathain a bheidh an turas ag tarlú?*<br>Cá?<br>*Cá mbeidh sibh ag dul?*<br>Cén fáth?<br>*Cén fáth go bhfuil sibh ag dul ansin arís?*<br>Cé mhéad?<br>*Cé mhéad atá ar an turas?* | Ba cheart mórthíortha na hEorpa a mhúineadh | Caisleán/caisleáin<br>Iarsmalann(a)<br>Margadh/margaí<br>Ardeaglais(í)<br>Bialann(a)<br>Siopadóireacht<br>Siopaí (cinéalacha)<br>Amharclann(a)<br>Foirgneamh/foirgnimh<br>Séadchomharthaí<br>Turas cathrach<br>Treoraí<br>Léarscáil | An t--aerfort<br>Eitleán<br>Bád farantóireachta<br>Stáisiún na mbusanna<br>Stáisiún na dtraenacha<br>Tacsaí/tacsaithe<br>Calfort<br>Tramanna<br>Traein faoi thalamh |

**Tasc:**

Chuala tú go bhfuil turas scoile eagraithe don sos lár--téarma agus ba mhaith leat eolas a fháil faoi. Tá comhrá agat leis an múinteoir atá ag eagrú an turais. Beidh 3 nóiméad agaibh chun an comhrá a ullmhú.

**Iarobair:**

Beidh deis ag roinnt beirteanna an comhrá atá réamhullmhaithe a chur i láthair an ranga.

Is féidir tógáil ar an gcomhrá agus plé a bhunú ar cén áit ar mhaith leo dul ar thuras scoile nó má bhí siad ar thuras scoile cén áit a thaitin leo.

Iarr ar bheirt scoláire agallamh a dhéanamh leis an raidió áitiúil faoin turas scoile. Caithfidh siad cur i láthair a ullmhú.

## Spreagchárta / Leathanach oibre an scoláire

**Scoláire A**

Tá an scoil ag dul ar thuras scoile go dtí an Fhrainc agus ba mhaith leat eolas a fháil faoi. Tá tú chun labhairt leis an múinteoir chun eolas a fháil. Beidh tú ag lorg eolais faoi – cathain a bheidh an turas ag tarlú; conas a rachaidh sibh ann; costas; foirmeacha atá le líonadh; lóistín; imeachtaí ar an turas; cé a bheidh ag dul. Cabhróidh na híomhanna thíos leat.

**Scoláire B**

Tá an scoil ag dul ar thuras scoile go dtí an Fhrainc. Is tusa an múinteoir atá ag eagrú an turais. Tá scoláire ag teacht chun labhairt leat chun eolas a fháil faoin turas. Beidh tú ag tabhairt eolais maidir le – cathain a bheidh an turas ag tarlú; conas a rachaidh sibh ann; costas; foirmeacha atá le líonadh; lóistín; imeachtaí ar an turas; cé a bheidh ag dul; agus cúpla pointe eile a lua maidir le rialacha na scoile & iompair. Cabhróidh na híomhánna thíos leat.




**Iarobair:**

1. Obair Ranga:

- An raibh sibh ar thuras scoile thar lear cheana? Déan cur síos air.
- Cén áit ar mhaith libh dul ar thuras scoile?
- Déan cur síos ar aon turas scoile (iontach nó uafásach).

2. Iarrtar ar bheirt scoláire agallamh a dhéanamh leis an raidió áitiúil faoin turas scoile. Caithfidh gach beirt cur i láthair a ullmhú faoin turas go Páras agus roghnófar an bheirt is fearr chun an t--agallamh a dhéanamh.

**Tasc 18** **Aidhm:** Cabhair a iarraidh

**Topaic:** An Scoláire Féin; Áit Chónaithe; Cairdeas; Ceol; Caitheamh Aimsire; Na Meáin Chumarsáide; Airgead; TFC; Saol na hOibre; Na Meáin Chumarsáide; Tionsclaíocht.

**Feidhmeanna**: Beannú; Sonraí pearsanta a fháil; Fiafraí; Míniú a thabhairt; Deimhniú a dhéanamh; A rá go/nach bhfuil rud ar eolas agat; Aontú/easaontú; Cinnteacht/ éiginnteacht a chur in iúl; Cabhair a iarraidh; Comhairle a thabhairt; Moladh a dhéanamh; Ag iarraidh ar dhuine rud a shoiléiriú nó a mhíniú.

**Réamhobair**
Ba cheart go mbeadh na 3 bhunaimsir déanta acu.
Is bealach é chun dul siar ar chaithimh aimsire, ábhair scoile, gairmeacha beatha.

| Struchtúir |
|---|
| Tá brón orm cur isteach ort ach..<br>Ar mhiste leat cabhrú liom?<br>Níl mé cinnte faoi..<br>Conas a deir tú…?<br>An bhfuil an ceart agam?<br>Cén bealach is fearr chun..?<br>Cén leagan amach atá ar..?<br>An bhfuil gach rud clúdaithe agam?<br>Nach ceart rud a rá faoi.?<br>Tá an obair seo deacair!<br>Cad is brí le..?<br>Seo an bealach is fearr chun é a rá.<br>Ba cheart duit tagairt a dhéanamh do…<br>Cad a chiallaíonn…?<br>Bí cinnte go/nach…. |

**Tasc:**
Caithfidh tú CV a chur le chéile agus níl tú cinnte faoi. Tá tú ag lorg cabhrach ó do chara. Tá 4 nóiméad agaibh chun an comhrá a ullmhú.

**Iarobair:**
Beidh deis ag roinnt beirteanna an comhrá réamhullmhaithe a chur i láthair an ranga. Beidh deis tús a chur le plé ar na tréithe, cailíochtaí etc. is tabhachtaí do phostanna áirithe.

Ag tógáil ar an obair seo is féidir suíomh eile a chruthú ina bhfuil scoláire ag ullmhú le haghaidh agallaimh. Le cuidiú ó chara caithfidh siad ceisteanna a chumadh a shíleann siad a chuirfear orthu bunaithe ar an eolas sa CV.

## Spreagchárta / Leathanach oibre an scoláire

**Tasc I Obair Bheirte**

Scoláire A

Tá ort CV a chur le cheile do phost páirtaimseartha san ollmhargadh áitiúil. Níl tú cinnte conas an CV a líonadh. Faigh cabhair ó do chara chun an CV a chur le chéile. Bain úsáid as na nathanna seo chun comhrá a chumadh.

*An féidir leat cabhrú liom?*
*Níl cliú dá laghad agam!*
*Cad iad na míreanna éagsúla?*
*Conas a deir tú?*
*Cén leagan amach atá air?*
*Cad a chiallaíonn?*
*An ceart dom labhairt faoi?*

Scoláire B

Tá cara leat ag cur CV le chéile do phost páirtaimseartha san ollmhargadh áitiúil. Tá tusa ag cabhrú leis. Is féidir úsáid a bhaint as cuid de nathanna seo sa chomhrá atá sibh ag cumadh.

*Níl mé cinnte faoi.*
*Cén post atá á lorg agat? Cén taithí atá agat?*
*Nach ceart rud a rá faoi?*
*Cad is brí le?*
*Ba cheart duit rud a rá faoi.*
*Bí cinnte go/nach*

**<u>Tasc II – Obair Ranga</u>**

Cén saghas tréithe agus taithí oibre a bheadh ag teastáil do na postanna seo a leanas:







**<u>Tasc III – Obair Bheirte</u>**

Beidh tú ag cur isteach ar phost san ollmhargadh áitiúil. Tá agallamh le bheith agat amárach. Le cabhair ó do chara cum na ceisteanna a shíleann sibh a chuirfear ort san agallamh.

Scoláire A: Tá tú ag dul faoi agallamh do phost san ollmhargadh áitiúil. Cuirfear ceisteanna ort bunaithe ar CV atá réidh agat.

Scoláire B: Is tusa bainisteoir an ollmhargaidh. Tá déagóir os do chomhair ag dul faoi agallamh do phost san ollmhargadh. Cuir ceisteanna air/uirthi bunaithe ar an CV atá os do chomhair.

**Measúnú**

1. Tá/níl mé ábalta ceisteanna a chur faoi shonraí duine.
2. Tá/níl mé ábalta ceisteanna a fhreagairt faoi shonraí duine.
3. Tá/níl mé ábalta cur síos ar thréithe duine.
4. Tá/níl mé ábalta labhairt fúm féin.
5. Tá/níl orm dul siar ar obair an ranga.

## Treoracha an Mhúinteora

**Tasc 19** **Aidhm:** imní a chur in iúl

**Topaic**: An Scoláire Féin; Áit Chónaithe; An Scoil & Cúrsaí Oideachais; Cairdeas; Ceol; Caitheamh Aimsire; Na Meáin Chumarsáide; Fadhbanna an Duine Óig; Airgead; Laethanta Saoire; TFC.

**Feidhmeanna**: Míniú a thabhairt; Tuairimí a lorg nó a nochtadh; Rogha a chur in iúl; Aontú nó easaontú; Iarraidh ar dhuine rud a dhéanamh; Rabhadh a thabhairt; Mothúcháin a nochtadh; Imní a chur in iúl;

**Réamhobair:**
Beidh gá nathanna, struchtúir agus leithscéalta a réamhmhúineadh. Ba cheart na 3 bhunaimsir a bheith déanta ag an rang.

| **Leithscéalta** | **Struchtúir** |
|---|---|
| Bhí an múinteoir as láthair go minic.<br>Bhí ionadaí ag múineadh agus níor chríochnaigh sé an cúrsa.<br>Bhí páirt mhór agam sa cheolchoirm/cheoldráma.<br>Thóg an cleachtadh don fhoireann peile/ cispheile/iománaíochta/ díospóireachta a lán ama.<br>Nach cuimhin leat bhí mé tinn ar feadh coicíse?<br>Bhí ceisteanna ar an bpáipéar scrúdaithe nach raibh déanta sa rang.<br>Ní raibh go leor ama agam na ceisteanna go léir a dhéanamh.<br>Thug mé mo nótaí ar iasacht do mo chara agus ní bhfuair mé ar ais iad. | A thiarcais!<br>Go bhfóire Dia orm!<br>Go gcumhdaí Dia mé!<br>Táim ag crith le heagla.<br>Táim ag deireadh na feide!<br>Drochrath ar...<br>Mo mhallacht ar…<br>Tá sé seo dochreidte!<br>Ní chreidfear mé.<br>Marófar mé!<br>Ní cheadófar dom…<br>Geallaim duit go/nach..<br>Bí cinnte go/nach...<br>Bíodh an scéal céanna agat!<br>Ná habair a mhalairt! |

**Tasc:**
Tá tú féin agus do chara tar éis torthaí na scrúduithe a fháil. Níor éirigh go ró--mhaith libh. Tá imní oraibh anois an scéal a insint do na tuismitheoirí. Cum an comhrá a bheidh eadraibh. Tá 3 nóiméad agaibh chun an comhrá a chumadh.

**Iarobair:**
Beidh deis ag roinnt beirteanna an comhrá atá ullmhaithe a chur i láthair an ranga. Ag tógáil ar an obair ranga tá féidearthachtaí eile mar shampla:

- Is féidir an comhrá a leathnú amach agus plé a dhéanamh ar ócáidí eile a raibh imní orthu mar shampla – roimh an chéad lá ar scoil/ cluiche/ ceolchoirm/ coinne….

- Abair go bhfuil tú ag obair mar 'agony--aunt' d'iris agus tá litir faighte agat ó dhuine óg atá buartha faoina a céad lá sa mheánscoil. Le cabhair ó do chara cum an chomhairle a chuirfeá ar an déagóir.

## Spreagchárta / Leathanach oibre an scoláire

Scoláire A
Tá tú ag caint le do chara faoi na torthaí scrúduithe a fuair tú le deanaí. Níor éirigh go ró--mhaith leat 'sna scrúduithe. Tá a fhios agat go bhfuil an tuairisc scoile sa phost agus go mbeidh sé sa bhaile amárach. Beidh ort an scéal a mhíniú dod thuismitheoirí. Cén comhrá a bheidh eadraibh? Bain úsáid as cuid de na habairtí seo.

- *Ní tharlóidh sé seo arís.*
- *Táim ag crith le heagla.*
- *Bíodh an scéal céanna agat*
- *Ní bheidh cead agam dul amach go ceann coicíse.*
- *Ná habair a mhalairt.*
- *Cad a déarfaidh mé?*
- *Marófar mé*!

Scoláire B
Tá tú ag caint le do chara faoi na torthaí scrúduithe a fuair sé/sí le déanaí. Níor éirigh go ró--mhaith leis/léi 'sna scrúdaithe. Tá a fhios agat go bhfuil an tuairisc scoile sa phost agus go mbeidh sé sa bhaile amárach. Beidh air/uirthi an scéal a mhíniú dá t(h)uismitheoirí. Cén comhrá a bheidh eadraibh? Bain úsáid as cuid de na habairtí seo:

- *Tá sé seo dochreidte.*
- *Bí cinnte go n--insíonn tú an fhírinne.*
- *Cuir an locht ar an múinteoir.*
- *Abair gur scoláire dian dícheallach tú de ghnáth.*
- *Tá an tuairisc scoile sin dochreidte.*
- *Inis dóibh go ndéanfaidh tú stáidéar ag an deireadh seachtaine.*

Is féidir na cártaí seo a thabhairt do na scoláirí más gá:

| **Scoláire A**<br>Tá an foclóir thíos mar threoir duit: | | **Scoláire B**<br>Tá an foclóir thíos mar threoir duit. |
|---|---|---|
| An fhoireann cispheile; cleachtadh; craobh reigiúnach; an seans dheireanach; ceithre mhí fágtha sa scoilbhliain; staidéar; cabhair sa bhreis; dian dícheallach; geallúint; torthaí an Teastais Shóisearaigh; imní; brón; aiféala; míshastacht | | Leithscéal; foireann cispheile; craobh reigiúnach; cleachtadh; ciallmhar; cliste; imní; bród; stáidéar; cabhair; ceithre mhí fágtha sa scoil bhliain; obair bhaile; obair tí;<br>Conas...?<br>Cén fáth...?<br>Cad a dhéanfaidh...? |

**Iarobair:**

Cuir comhairle ar chara leat faoi cheist éigin atá ag cur as dó/di.

Nó

Tá tú ag obair mar 'agony--aunt' d'iris agus tá litir faighte agat ó dhuine óg atá buartha faoina c(h)éad lá sa mheánscoil. Le cuidiú ó do chara cum an chomhairle a chuirfeá ar an déagóir.

## Treoracha an Mhúinteora

**Tasc 20** **Aidhm:** a rá gur cuimhin leat rud éigin.

**Topaic:** An Scoláire Féin; Áit Chónaithe; Cairdeas; Ceol; Caitheamh Aimsire; Na Meáin Chumarsáide; Airgead; Laethanta Saoire; An Scoil & Cúrsaí Oideachais; TFC; an Ghaeilge; Faisean;

**Feidhmeanna:** Fiafraí; Cur síos a chur in iúl; A rá gur cuimhin leat rud éigin; Tuairimí a nochtadh; Mothúcháin a nochtadh;

**Réamhobair**

Beidh gá nathanna, struchtúir, aimsir chaite & stór focal a réamh--mhúineadh.

| **Struchtúir/Nathanna** |
|---|
| Is cuimhin liom go maith/ go soiléir/ go cruinn… |
| Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar... |
| Tá sé fós i mo chuimhne... |
| Cuireann sé náire/ áthas/ brón.. orm mar... |
| Bhí mé ag crith le heagla mar.. |
| Is beag nár thit mé i laige nuair a... |
| Bhí sceitimíní orm mar… |
| Bhí x i mo theannta. |
| Bhí pian i mo bholg mar… |
| Bhí mé ag stánadh ar… |
| Is ar éigean a bhí mé ábalta... |

**Tasc**

Obair ghrúpa.

Ceathrar sa ghrúpa. Caithfidh gach duine cur síos a dhéanamh ar rud amháin gur cuimhin leo bainteach le m.sh. an chéad lá ar scoil/ an chéad rothar/ an chéad dioscó/ chlub oíche….

Beidh ar an ngrúpa ceann amháin a roghnú agus é a chur i láthair an ranga.

**Iarobair**

Is féidir plé a leathnú amach & comparáid a dhéanamh idir m.sh. an chéad lá sa bhunscoil & an chéad lá san iar--bhunscoil.

Iarr ar gach duine smaoineamh siar ar an gcuimhne is óige atá acu agus cur síos a dhéanamh air.

## Spreagchárta / Leathanach oibre an scoláire


**Tasc 1**

Tá tú ag smaoineamh siar ar do chéad lá ar scoil. Inis do na daoine eile i do ghrúpa 5 rud faoin lá sin. Smaoinigh ar

- na héadaí a bhí ort;
- conas a chuaigh tú ar scoil;
- cé a bhí in éineacht leat;
- conas a mhothaigh tú – brón, áthas, imní, eagla, sástacht, míshástacht..;
- cén t--ainm a bhí ar do mhúinteoir;
- cé a bhí ina s(h)uí in aice leat;
- cad iad na rudaí a rinne tú i rith an lae;
- an raibh lón agat;
- cén t--am a chuaigh tú abhaile;
- aon eolas eile…


Bain úsáid as na híomhanna seo chun cabhrú leat.











**Tasc 2**

Déan comparáid idir an chéad lá sa bhunscoil agus an chéad lá san iar--bhunscoil.

| An chéad lá ar scoil sa bhunscoil | An chéad lá ar scoil san iar--bhunscoil |
|---|---|
| | |

**Féinmheasúnú**

1. Breac síos 3 abairt nua a d'fhoghlaim tú ón tasc seo.
   a)
   b)
   c)
2. Breac síos 3 abairt a d'fhoghlaim tú ó ghrúpaí eile.
   a)
   b)
   c)
3. Breac síos 2 rud a dhéanfaidh tú chun cabhrú leat na habairtí seo a fhoghlaim.
   a)
   b)

**Tasc 21** **Aidhm**: Cleachtadh a dhéanamh ar scéal san aimsir chaite
**Topaic**: Spórt **Feidhmeanna:** Cur síos ar rudaí
**Réamhobair:** Scoláirí a chumasú le réamh--mhúineadh ar théarmaíocht spóirt. Lig don bheirt dul i gcomhairle lena chéile chun an 'scéal' a chur le chéile go garbh
**An Tasc:** Grúpa beirte. Tosaíonn A le leath--abairt. Críochnaíonn B an abairt agus tosaíonn sé ar abairt eile. Críochnaíonn A an abairt sin …..
Sampla :

*A : Inné bheartaigh m'athair agus mé féin dul go dtí …..*
*B : …cluiche rugbaí i bPáirc Thuamhumhain. Thógamar an carr mar …*
*A : …bhí an aimsir go dona. Bhí sé fliuch agus fuar agus ….*
*B : …bhí leac oighir ar na mionbhóithre. Ach ba chuma mar bhí foireann na Mumhan ag imirt i gcoinne …..*
*A : …Treviso. Nuair a bhaineamar an pháirc amach …*

**Iarobair:** Scríobhadh siad beirt an scéal ina iomláine

***********************************************

**Tasc 22** **Aidhm**: Cleachtadh a dhéanamh ar abairtí in aimsir faoi leith
**Topaic**: Faisean **Feidhmeanna:** An chopail, cur síos ar rudaí, tuairimí a chur in iúl
**Réamhobair:** 30 cárta (nó pé uimhir atá oiriúnach) a dhéanamh amach. Ar 1/3 de na cártaí, scríobh abairt dhearfach in aimsir faoi leith, ar 1/3 de na cártaí scríobh abairt dhiúltach san aimsir chéanna, agus ar an trian eile scríobh an focal "Truflais"

**An Tasc:** Grúpaí 3 nó 4 nó níos mó. Dáiltear na cártaí agus fágtar iad bun os cionn ós comhair gach duine sa ghrúpa. Piocann A suas an chéad cárta. Má tá abairt air, caithfidh sé an abairt sin a rá ós ard. Má tá an focal « Truflais » ar an gcárta, caithfidh sé abairt a chumadh atá cosúil leis na habairtí ar na cártaí eile. Ansin, cuireann sé an cárta síos bun os cionn i lár an bhoird. Má cheapann aon bhall eile den ghrúpa go bhfuil bréag á insint aige, i.e. go bhfuil sé ag cumadh abairte sa chás go bhfuil « Truflais » scríofa ar an gcárta, déaradh sé « Truflais ! » Má tá sé mí--cheart piocann sé suas na cártaí go léir i lár an bhoird. Má tá an ceart aige, piocann A suas na cártaí go léir. Leanann B ar an nós céanna. Is é aidhm an chluiche ná fáil réidh leis na cártaí ar fad.

***********************************************


**Tasc 23** **Aidhm**: Cleachtadh a dhéanamh ar threoracha a thabhairt agus a thuiscint
**Topaic**: Áit chónaithe, Taisteal & Teangacha
**Feidhmeanna:** Treoracha a lorg agus a thabhairt, comhairle a thabhairt, Míniú a lorg/a thabhairt, Deimhniú a dhéanamh, Easpa tuisceana a chur in iúl, Ag iarraidh ar dhuine rud a athrá , Ag iarraidh ar dhuine rud a shoiléiriú nó a mhíniú.
**Réamhobair:** Ceisteanna, freagraí agus nathanna a bhaineann le treoracha a lorg agus a thabhairt. Foclóir a bhaineann le hainmneacha sráideanna agus áiteanna cáiliúla ar an léarscáil.

**An Tasc** :

1. Tabhair léarscáil do gach beirt/triúr. Caithfidh scoláire A (an treoraí) na treoracha a thabhairt do scoláire B (agus C) chun an áit a bhaint amach. Malartaigh thart ról an treoraí.
2. Tabhair seans do bheirt sa ghrúpa féachaint ar an léarscáil ina n--aonair agus áit a roghnú do ghnó nua sa cheantar, m.sh. óstán. Iarr orthu na buntáistí a bhaineann lena suíomh féin don óstán a phlé agus iarracht teacht ar chomhréiteach.
3. Iarr ar na scoláirí samplaí den tuiseal ginideach a lorg ar an léarscáil, mar shampla, Sráid an Easpaig.

***********************************************

**Tasc 24** **Aidhm:** Aimsigh 10 difríocht (treoracha ar lch 24 & 25)



***********************************************

## Cur sios ar Phictiúr

**Tasc 25** **Aidhm**: Scéal / Cúlra a chumadh
**Topaic**: Caitheamh Aimsire, Spórt, Faisean, Fostaíocht
**Feidhmeanna**: Buile faoi thuairim, tuairimíocht, cur síos, an chopail
**Réamhobair**: Scoláirí a chumasú le pictiúr mar seo a thaispeáint agus na téarmaí a bhaineann leis a mhúineadh dá chéile. Cuid de na téarmaí seo a fhagáil ar an gclár bán mar chabhair.

Iarr ar na scoláirí pictiúr a thabhairt isteach don chéad rang eile.

| | |
|---|---|
| Cad is ainm don duine seo?<br>Cén aois atá aige?<br>An bhfuil sé pósta?<br>Cén post ata aige?<br>Cá bhfuil sé ag obair?<br>Cá bhfuil cónaí air?<br>Cá bhfuil sé anois díreach?<br>Cén fáth go bhfuil sé ann?<br>Cad tá aige ina lámh?<br>Cé leis go bhfuil sé ag caint?<br>Cad a dhéanfaidh sé nuair a bheidh críochnaithe aige?  | **Tasc**:<br>Beirt nó triúr ag obair le chéile chun scéal nua a chruthú don phictiúr. Cuirfidh urlabhraí ó gach grúpa an t--eolas ón ngrúpa sin i láthair an ranga. Duais don scéal is cruthathaí, is faide, is áiféisí srl. Bheifí ag súil le rud éigin mar seo:<br><br>*Juan Carlito is ainm don bhfear seo. Tá sé trí bliana is fiche d'aois – níl sé pósta, ach tá iníon beag amháin aige atá bliain go leith d'aois. Is peileadóir é – bhuel, ba pheileadóir é, mar tá a phost le Real Madrid díreach caillte aige…* |

**Iarobair**: Iarr ar na daltaí roinnt téarmaí nua a chloiseann siad ó ghrúpaí eile a bhreacadh síos agus a fhoghlaim.

***********************************************

## Greille Mheasúnaithe 1

Ainm ______________________________ Dáta __________

Topaic ____________________________

Tasc

_________________________________________________________

***Táim in ann…………..***

| Feidhm Teanga | Sampla | **** |
|---|---|---|
| **Cur síos a dhéanamh** | | |
| **Tuairim a lorg** | | |
| **Tuairim a thabhairt** | | |
| **Aontú** | | |
| **Easaontú** | | |
| **Cúis a thabhairt** | | |
| | | |

Síniú: ______________________________________

## Greille Mheasúnaithe 2

Ainm ____________________ Rang ________ Dáta ______________
Topaic ____________________
Tasc ______________________________________________

| | Lag ☺ | Measartha ☺ ☺ | An-mhaith ☺ ☺ ☺ | Sár-mhaith ☺ ☺ ☺ ☺ | Le feabhsú |
|---|---|---|---|---|---|
| Stór Focal | | | | | |
| Foghraíocht | | | | | |
| Líofacht | | | | | |
| Cruinneas | | | | | |
| Cumarsáid | | | | | |

Síniú an Scoláire: ________________ Síniú an Chomhscoláire: ________________

Síniú an Mhúinteora: ________________


## Greille Mheasúnaithe 3

Ainm ____________________
Rang ____________________
Dáta ____________________

Topaic
____________________
Tasc
____________________

Síniú an scoláire
____________________

Síniú an Mhúinteora
____________________



**Greille Mheasúnaithe 4**

